An Scéim Croíchonair
Bus ó Chamaigh go Lár na Cathrach

Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta

BUS CONNECTS

SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Clár Ábhar

1. Réamhrá 1

1.1 Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta 1

1.2 BusConnects Bhaile Átha Cliath - Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus 3

1.3 Cuspóirí le haghaidh BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus (lena n-áirítear an Scéim Bheartaithe) 4

1.4 An Comhthéacs Beartais 4

2. An Comhthéacs Reachtach 15

2.1 An Treoir MTT 15

2.2 Acht na mBóithre 15

2.3 Ábhar an Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Acht na mBóithre 16

3. Saintréithe na Scéime Beartaithe 19

3.1 Réamhrá 19

3.2 Cur síos ar an Scéim Bheartaithe 19

3.3 Éifeachtaí carnacha 21

3.4 Úsáid Acmhainní Nádúrtha, go háirithe Talamh, Ithir, Uisce agus Bithéagsúlacht 22

3.5 Táirgeadh Dramhaíola 22

3.6 Truailliú agus Núiseanna 22

3.7 An Riosca go dTiocfaidh Mórthionóiscí agus Tubaistí Chun Cinn 23

3.8 Tionchair ar Shláinte an Phobail agus ar Shláinte an Duine 23

4. Láthair na Scéime Beartaithe 24

4.1 Réamhrá 24

4.2 An Úsáid Talún Láithreach agus an Úsáid Talún Cheadaithe 24

4.3 Flúirse, Cáilíocht agus Cumas Athghiniúnach Acmhainní Nádúrtha 25

4.4 Cumas Ionsúcháin Acmhainní Nádúrtha 26

4.5 Achoimre ar na Gnéithe den Timpeallacht Nádúrtha 28

5. Cur Síos ar na hÉifeachtaí Suntasacha ar Dóigh Dóibh a Bheith Ann 30

5.1 Réamhrá 30

5.2 Trácht agus Iompar 30

5.3 Aercháiliocht 30

5.4 Torann agus Tonnchrith 31

5.5 Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine 31

5.6 Bithéagsúlacht 32

5.7 Uisce 32

5.8 Talamh, Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht 33

5.9 Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha 33

5.10 Éifeachtaí Tírdhreacha (Bailedhreacha) agus Amhairc 34

5.11 Dramhaíl agus Acmhainní 34

5.12 Sócmhainní Ábhartha 35

5.13 Éifeachtaí Carnacha 35

6. Conclúid 37

7. Tagairtí.....39

Aguisín A. Líníochtaí na Scéime 41

Aguisín B. Seicliosta Scagtha le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta.....42

1. Réamhrá

1.1 Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta

1.1.1 Réamhrá

Is é atá sa tuarascáil seo ná an Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta don Chroíchonair Bus ó Chamaigh go Lár na Cathrach (dá ngairtear an Scéim Bheartaithe anseo ina dhiaidh seo). Ullmhaíodh an tuarascáil seo i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme den Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta[1]. Ullmhaíodh an Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta chun cur ar chumas an Údaráis Náisiúnta Iompair ("an tÚdarás") a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an Scéim Bheartaithe le cur faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta, i gcomhréir le forálacha na Treorach MTT.

Ceanglaítear ar thionscadail áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir MTT dul faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta éigeantach toisc go mbíonn féidearthacht ann i ngach cás go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag na tionscadail sin ar an gcomhshaol. Maidir le tionscadail eile a thiteann faoi bhun na dtairseach ábhartha le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta éigeantach ("i.e. forbairt fothairsí"), d'fhéadfadh go gceanglófaí Measúnacht Tionchair Timpeallachta má mheastar gur dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. D'fhéadfadh go dtiocfadh éifeachtaí suntasacha chun cinn de bharr chineál na forbartha, a scála nó a mhéid agus a láthair i dtaca le saintréithe an limistéir glactha, go háirithe timpeallachtaí íogaire.

Taifeadtar sa doiciméad seo an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú, agus aird á tabhairt ar an reachtaíocht ábhartha agus na doiciméid treorach ábhartha agus iad a úsáid, go háirithe iad seo a leanas:

- Treoirlínte ón Aire d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh (an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2018);
- Cur chun feidhme Threoir 2014/52/AE maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (an Coimisiún Eorpach, 2018); agus
- Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Thionscadail – Treoir maidir le Scagadh (an Coimisiún Eorpach, 2017).

Mar atá leagtha amach sna Treoirlínte ón Aire d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh, is é scagadh an chéim tosaigh den phróiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus cinntear ann cé acu is dóigh nó nach dóigh go mbeidh tionchair shuntasacha ag forbairtí poiblí nó príobháideacha sonraithe ar an gcomhshaol agus, dá bhrí sin, cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh sula ndéanfar cinneadh ar iarratas ar thoiliú forbartha. Is ábhar breithiúnais é cinneadh ar scagadh, agus é bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil a bhaineann leis an tionscadal beartaithe agus lena thimpeallacht glactha. I bprionsabal, is féidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol bheith dearfach nó diúltach. I gcás na Scéime Beartaithe, bhí na nithe seo a leanas i gceist le céim Scagtha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta:

1) An Scéim Bheartaithe a athbhreithniú i gcomparáid leis na haicmí tionscadail a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir MTT. Ceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta éigeantach i gcás thionscadail Iarscríbhinn I a chomhlíonann nó a sháraíonn na tairseacha a leagtar amach istigh inti agus, dá bhrí sin, ní cheanglaítear aon chinneadh ar scagadh a dhéanamh; agus

2) An Scéim Bheartaithe a athbhreithniú i gcomparáid leis na tairseacha le haghaidh forbairt bhóthair a shainaithnítear in alt 50 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú ("Acht na mBóithre"). I gcás go ndéanfar na tairseacha sin a chomhlíonadh nó a shárú, is amhlaidh arís gurb éigeantach a bheidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus nach gceanglófar aon chinneadh ar scagadh a dhéanamh. I gcás forbairt bhóthair "fothairsí", áfach, ceanglaítear cinneadh ar scagadh a dhéanamh chun a dhéanamh amach cé acu ba cheart

[1] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014.

nó nár cheart forbairt bhóthair a chur faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta de bhua a cineáil, a méide nó a láithreach, i measc nithe eile.

Ní thagann an Scéim Bheartaithe faoin liosta tionscadal a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir MTT. Ina theannta sin, ní dhéanann an Scéim Bheartaithe na tairseacha faoi alt 50 d'Acht na mBóithre a chomhlíonadh ná a shárú ar shlí a bhfágfadh go dtionscnódh sí go huathoibríoch an ceanglas le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh. Tá sé mar chuspóir leis an Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, i gcomhréir le halt 50(1)(c) d'Acht na mBóithre, a bhreithniú cé acu ba dhóigh nó nár dhóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol.

1.1.2 Forbhreathnú ar an Scéim Bheartaithe

Pointe tosaithe na Scéime Beartaithe is ea Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817 ag an acomhal le Bóthar Thír an Iúir Thiar/an R818, le Bóthar Chamaí Thiar/an R818 agus le Bóthar Ghort an Dúin. Leanfaidh an Scéim Bheartaithe ar aghaidh feadh Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817 i dtreo Lár na Cathrach, trí Bhóthar Chrois Araild/an R137, Sráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach agus an tSráid Nua Theas, áit a gceanglóidh sí sa deireadh leis an gCroíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach ag acomhal Shráid Chaoimhín Uachtarach/an R110. Tabharfar tosaíocht do bhusanna feadh an bhealaigh ar fad, a bheidh comhdhéanta go príomha de lánaí tiomnaithe bus sa dá threo nuair is féidir, agus tá sé beartaithe bearta malartacha a thabhairt isteach ag láithreacha a bhfuil srianta ar leith ag gabháil leo, amhail an-chuid de Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817, Páirc Chrois Araild Thiar agus codanna gearra de Shráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach/an R137 i dtreonna ailtéarnacha. Tá sé beartaithe freisin rotharbhealach comhlántach a thabhairt isteach sa taobh thiar den Scéim Bheartaithe trí shráideanna ciúine ag an taobh theas den Scéim Bheartaithe. Tá cur síos níos mine déanta ar an Scéim Bheartaithe i Rannán 3.2 agus taispeántar í ar líníochtaí in Appendix A.



Íomhá 1.1: An Scéim Croíchonair Bus ó Chamaigh go Lár na Cathrach

1.2 BusConnects Bhaile Átha Cliath - Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus

Tá an Scéim Bheartaithe ar cheann den 12 Scéim atá i gceist le BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus, atá á bheartú chun bonneagar breisithe siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar ar chonairí tábhachtacha rochtana i réigiún Bhaile Átha Cliath. Is é an toradh a bheidh ar BusConnects Bhaile Átha

Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus a sholáthar ná go ndéanfar gluaiseacht iompair inbhuanaithe a bheidh éifeachtúil, sábháilte agus comhtháite a chumasú agus a sholáthar feadh na gconairí sin.

1.3 Cuspóirí le haghaidh BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus (lena n-áirítear an Scéim Bheartaithe)

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá le BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus (lena n-áirítear an Scéim Bheartaithe):

- Cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a bhreisiú trí fheabhas a chur ar luasanna, iontaofacht agus poncúlacht bus ach lánaí bus a sholáthar agus bearta eile a dhéanamh ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht bus in ionad gluaiseachtaí tráchta ghinearálta;
- An acmhainn rothaíochta a bhreisiú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar le haghaidh rothaíochta, agus é leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir;
- Tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, ar seirbhís í a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;
- Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i mBaile Átha Cliath a chumasú do ghlúine an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht trí ghréasáin iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar;
- Feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile trí nascacht inbhuanaithe fheabhsaithe agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar le seirbhísí eile iompair phoiblí; agus
- A chinntiú go mbreithneofar an ríocht phoiblí go cúramach le linn an bonneagar iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus féachaint le feabhas a chur ar phríomhphointí fócasacha uirbeacha nuair is cuí agus is indéanta.

1.4 An Comhthéacs Beartais

1.4.1 Doiciméid Bheartais Náisiúnta

1.4.1.1 Tionscadal Éireann 2040: An Creat Náisiúnta Pleanála (Rialtas na hÉireann, 2018)

Is é is Tionscadal Éireann 2040 – an Creat Náisiúnta Pleanála (Rialtas na hÉireann, 2018a) ann ná creat straitéiseach an Rialtais chun forbairt agus infheistíocht a threorú ar mhaithe le folláine agus cáilíocht beatha mhuintir na hÉireann a fheabhsú. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála roinnt Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna) chun forbairt a mhúnlú agus a mhéadú in Éirinn. Tá roinnt díobh sin ábhartha don Scéim Bheartaithe.

Áirítear leis na TSNanna is ábhartha TSN1 (Fás dlúth), TSN2 (Inrochtaineacht réigiúnach fheabhsaithe) agus TSN4 (Soghluaisteacht inbhuanaithe). Cumhdaítear le TSN1 an t-iompar a chomhtháthú, athghiniúint a chur chun cinn, inrochtaineacht a fheabhsú agus aistriú i dtreo cineálacha iompair níos inbhuanaithe. Cumhdaítear le TSN2 acmhainn straitéiseach agus sábháilteacht na mbóithre náisiúnta a chothabháil, pleanáil le haghaidh acmhainn sa todhchaí agus bainistíocht tráchta níos éifeachtaí a chumasú. Áirítear leis spás bóthair ionchathrach a ath-leithdháileadh i bhfabhar iompar poiblí busbhunaithe agus i bhfabhar saoráidí siúil/rothaíochta. Tagraítear go sonrach le TSN4 don chlár BusConnects a sholáthar mar chuid de chuspóirí na Straitéise Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leagtar béim ar an méid seo a leanas sa Chreat Náisiúnta Pleanála faoin gceannteideal *'Ar na Príomhchumasóirí fáis do Bhaile Átha Cliath amach anseo tá'*:

> *'Córas feabhsaithe iompair bus a fhorbairt, le cuarnascacht níos fearr, agus é a chomhtháthú le gréasáin eile taistil.'* Agus *'An gréasán rothaíochta ceannchathartha a sheachadadh a leagtar amach i bPlean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, príomhbhealaí comaitéireachta agus glasbhealaí uirbeacha feadh conairí canála, abhann agus cósta san áireamh.'*

Mar chuid den Chreat Náisiúnta Pleanála, táirgeadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura. Tugadh le fios i dtorthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta go bhféadfadh

go dtiocfadh roinnt tionchair shuntasacha dhearfacha agus roinnt tionchair shuntasacha dhiúltacha ar an gcomhshaol (lena n-áirítear tionchair charnacha) as cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála. Sainaithníodh inti freisin roinnt beart maolaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na tionchair dhiúltacha a laghdú. Áirítear leo a chinntiú go gcuirfí Bainistíocht Riosca Tuile san áireamh le linn comhfhorbairt áite, agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chomhtháthú chun áiteanna sábháilte a chruthú. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú. Comhlíonann an Scéim Bheartaithe spriocanna an Chreata Náisiúnta Pleanála trí bhonneagar a sholáthar lena n-éascófar gréasán inbhuanaithe iompair phoiblí ar ardchaighdeán lena n-éascófar busanna agus taisteal gníomhach i mbonneagar rothaíochta agus coisithe araon. Cabhróidh an Scéim Bheartaithe leis an aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de.

1.4.1.2 Tionscadal Éireann 2040 – an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2018)

Is é is an Plean Forbartha Náisiúnta (Rialtas na hÉireann, 2018b) ann ná an plean straitéise infheistíochta caipitil náisiúnta atá comhtháite agus ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Pleanála. Leagtar amach ann an creat ceangaltas caiteachais a theastaíonn chun na Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí a áirithiú go dtí an bhliain 2027 agus chun tacú le comhlíonadh na TSNanna a sainaithníodh sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

Luaitear BusConnects go sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta a bheith ar cheann amháin de na trí 'Mhórthionscadal Bonneagair Náisiúnta' lena mbreithmheas agus lena soláthar atá ailínithe le TSN4 den Chreat Náisiúnta Pleanála. Léirítear i dTábla 3.2 den Phlean Forbartha Náisiúnta gurb ann do cheangaltas suntasach go gcuirfí cistiú táscach €2.4 billiún ar fáil ón Státchiste chun an Clár BusConnects a sholáthar.

Luaitear BusConnects a bheith ina 'Mhórthionscadal Bonneagair Náisiúnta', rud a bhfuil ceangaltas infheistíochta ag gabháil leis agus a measadh a bheith ina chuid lárnach d'fhís an Phlean Forbartha Náisiúnta a sholáthar. Faoin gceannteideal 'Mórthionscadail Bhonneagair Náisiúnta', leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta roinnt de na tionscadail bhonneagair náisiúnta atá ar áireamh sa Phlean *'lena mbreithmheas agus lena soláthar'*. Leagtar béim ar 'BusConnects do Chathracha na hÉireann' faoin gceannteideal 'Soghluaisteacht Inbhuanaithe'.

Tá an Scéim Bheartaithe ina cuid dhílis den obair atá ar bun ag Éirinn chun carbón a laghdú agus cabhróidh sí le fás leantach a éascú trí fhreastal ar an éileamh taistil atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí. Leis an Scéim Bheartaithe, soláthrófar an bonneagar chun cabhrú leis an aistriú córa iompair chuig roghanna bus agus taistil ghníomhaigh.

1.4.1.3 An Plean Gnímh don Aeráid 2019 (Rialtas na hÉireann, 2019)

Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid conas a fhéachfaidh Éire leis na spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa a shocraigh an tAontas Eorpach di a bhaint amach. Ar na hoibleagáidí tá astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 30% faoin mbliain 2030 agus an bhunsraith a leagan le haghaidh glanastaíochtaí atá saor ó charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050. Leagtar béim ann ar an gclár BusConnects mar mhórthionscadal soghluaisteachta inbhuanaithe lena dtacófar le haistriú córa iompair chuig foirmeacha iompair níos inbhuanaithe.

Maidir leis an aistriú córa iompair, leagtar an méid seo a leanas amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2019:

> *'Ba mhaith linn a chinntiú go soláthraímid dea-bhonneagar iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta chun nach mbeidh daoine chomh spleách céanna ar a gcarranna agus chun go mbeimid in ann plódú a laghdú. Gheallamar cheana féin go dtabharfaí faoi 500,000 turas iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh sa bhreis in aghaidh an lae faoin mbliain 2035.'*

Leagtar amach freisin sa Phlean Gnímh don Aeráid 2019 faoin gceannteideal 'aistriú córa iompair' go ndéanfar na nithe seo a leanas leis:

- *'Mórthionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe amhail Méadú an DART, MetroLink agus an clár BusConnects a chur chun feidhme. Tá sé mar sprioc ag BusConnects méadú 50% a bhaint amach sa líon paisinéirí bus inár gcathracha móra thar shaolré an tionscadail;'*
- *'Bearta taistil inbhuanaithe a leathnú, lena n-áirítear gréasán cuimsitheach rothaíochta agus siúil le haghaidh na limistéar ceannchathartha de chathracha na hÉireann, agus béim ar leith á leagan ar*

shábháilteacht rothaithe. Leathnóimid glasbhealaí freisin agus forbróimid breis agus 200 km de ghréasán rothaíochta nua faoin gclár BusConnects;' agus

- *'Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás dlúth agus ar bheartais úsáide talún agus beartais phleanála iompair a chomhtháthú tuilleadh. Is nithe iad sin a laghdóidh an t-éileamh ar thaisteal comaitéireachta agus a thacóidh le patrúin forbartha agus taistil níos éifeachtúla.'*

Príomhghníomh de chuid an Phlean Gnímh don Aeráid 2019 is ea soláthar an chláir BusConnects (dá bhfuil an Scéim Bheartaithe ina cuid thábhachtach) ann féin. Leis an mbonneagar iompair atá beartaithe, déanfaidh sé gréasáin coisithe agus rothaíochta a leathnú agus a fheabhsú, nascfaidh sé chucu agus cabhróidh sé le fás dlúth a sholáthar ar thailte atá criosaithe i ngaireacht don Scéim Bheartaithe.

1.4.1.4 An Páipéar Bán ar Fhuinneamh, Aistriú na hÉireann i dtreo Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin 2015-2030 (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2015)

Ráiteas ar bheartas an Rialtais san earnáil fuinnimh is ea an Páipéar Bán ar Fhuinneamh. Leagtar amach ann creat beartais fuinnimh go dtí an bhliain 2030 agus tugtar breac-chuntas ann ar aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin d'Éirinn faoin mbliain 2050. Áirítear leis gealltanas do thacú le hiompar atá tíosach ar fhuinneamh agus in-athnuaite.

Maidir leis an iompar, is mar a leanas atá na gníomhartha fuinnimh in-athnuaite lena ngealltar do thacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hiompar in-athnuaite:

'Chun tacú le hiompar atá tíosach ar fhuinneamh agus in-athnuaite, déanfaimid na nithe seo a leanas: …

- *…'tacú leis an aistriú córa iompair trí phleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a ailíniú ar bhealach níos fearr agus trí leanúint leis na cláir thaistil inbhuanaithe arna riar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt….'*

Comhlíonann an Scéim Bheartaithe go hiomlán gníomhartha fuinnimh in-athnuaite an Pháipéir Bháin ar Fhuinneamh toisc go dtacóidh sí le haistriú córa iompair chuig roghanna iompair inbhuanaithe agus go n-éascóidh sí é tríd an mbonneagar a theastaíonn ina leith a sholáthar.

1.4.1.5 An tIompar – An Plean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide don Earnáil Iompair (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2019)

Leis an bplean seo, socraítear an beartas maidir le straitéisí oiriúnúcháin don iompar, cabhraítear leis an acmhainn chun oiriúnú a fhorbairt laistigh de struchtúir riaracháin na hearnála agus cabhraítear le heagraíochtaí tuiscint níos fearr a ghnóthú ar impleachtaí an athraithe aeráide d'Éirinn agus ar an dóigh a bhféadfadh sé difear a dhéanamh do bhonneagar agus seirbhísí iompair. Is é an sprioc uileghabhálach ná a chinntiú gur féidir leis an earnáil iompair a cuspóirí leantacha eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chomhlíonadh trína chinntiú go gcosnaítear bonneagar iompair ar thionchair an athraithe aeráide. Rinneadh scagadh ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ar Mheasúnacht Chuí araon agus cinneadh nach mbeadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ná Measúnacht Chuí ina gceangal don Phlean.

Comhlíonann an Scéim Bheartaithe na cuspóirí agus na gníomhartha a leagtar amach sa phlean.

1.4.1.6 Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe: Straitéis Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020 (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2009)

Is é seo an doiciméad beartais pleanála náisiúnta ar mhaithe le beartas comhtháite iompair a sholáthar d'Éirinn. Leagtar amach ann sraith gníomhartha agus beart lena gcumhdaítear gnéithe bonneagair agus beartais agus a bhfuil mar aidhm leo an fhís go soláthrófaí córas inbhuanaithe taistil agus iompair a chur chun cinn agus a spreagadh idir an bhliain 2009 agus an bhliain 2020.

Chun aistriú chuig iompar inbhuanaithe a bhaint amach, sainaithnítear sa doiciméad sraith 49 ngníomh a mbeidh tionchair chomhlántacha acu ar an éileamh taistil agus ar astaíochtaí agus ar féidir iad a ghrúpáil ina gceithre sprioc uileghabhálacha.

Tugtar breac-chuntas i nGníomh 12 ar iarrachtaí a bhfuil mar aidhm leo *'cur chun feidhme a dhéanamh ar níos mó tosaíochta do bhealaí gathacha bus agus ar bhainistíocht tráchta'* agus *'athdhearadh seirbhísí bus'* a chinntiú agus tá sé mar aidhm le Gníomh 13 *'seirbhís iontaofa bus i limistéir uirbeacha shuntasacha'* a chruthú.

Maidir leis an Iompar Poiblí, leagtar an méid seo a leanas amach ann:

> *'Measaimid go mbeidh orainn, faoin mbliain 2020, iompar poiblí a sholáthar chun freastal ar riachtanais 90,000 comaitéir sa bhreis, anuas ar an 140,000 comaitéir ar dóigh go bhfreastalófar orthu le hIompar 21. Beidh an bus ina chuid dhílis de na daoine breise sin a iompar.'*

Luaitear an méid seo a leanas ann freisin:

> *'Baineann tábhacht ar leith le húsáid bus do na daoine sin nach bhfuil fáil ar charr acu, do dhaoine óga, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu. Má táimid chun úsáid iompair phoiblí in Éirinn a spreagadh, beidh an fháil ar sheirbhís shábháilte, inrochtana, chomhtháite agus iontaofa ar feadh 18 n-uaire an chloig sa lá ar a laghad ina cuid dhílis d'aon iarrachtaí an phátrúnacht a mhéadú agus níos mó úsáideoirí a ghnóthú.'*

Cabhróidh an Scéim Bheartaithe le feabhas a chur ar éifeachtacht/éifeachtúlacht na seirbhísí bus sa todhchaí, rud a theastaíonn ón Straitéis. Uasmhéadóidh an Scéim Bheartaithe éifeachtúlacht an ghréasáin iompair trí na modhanna rothaíochta agus iompair phoiblí a chomhtháthú agus maolóidh sí an spleáchas ar thurais charrbhunaithe.

1.4.1.7 Taisteal Níos Cliste: Chéad Chreatbheartas Náisiúnta Rothaíochta na hÉireann 2009-2020 (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2009).

Creat beartais rothaíochta na hÉireann atá anseo. Tá sé mar fhís leis cultúr láidir rothaíochta a chruthú in Éirinn. Tugtar breac-chuntas sa chreat beartais seo ar lear idirghabhálacha a bhfuil mar aidhm leo an rothaíocht a dhéanamh níos fusa agus níos sábháilte. Áirítear leis idirghníomhartha atá bainteach le rothaíocht agus iompar poiblí a chomhtháthú agus le bonneagar bóithre agus bainistíocht bóithre atá oiriúnach do rothaithe a dhearadh nó a iarfheistiú.

Is iad seo a leanas na hidirghabhálacha atá sonrach don Scéim Bheartaithe:

- *'Tabharfaimid aird speisialta ar rothaíocht agus iompar poiblí a chomhtháthú. Ós rud go mbíonn faid chomaitéireachta ag méadú, bíonn ag méadú ar an tábhacht a bhaineann leis an rothar a chomhcheangal leis an mbus, leis an tram nó leis an traein. Soláthróimid páirceáil úrscothach rothar ag gach ceann de na cómhalartuithe agus stadanna cuí iompair phoiblí. Cinnteoimid freisin go mbeidh soláthar cuí do rothair a iompar ar fáil ar thraenacha ionchathrach agus fo-uirbeacha – bíodh sé ar na seirbhísí uile nó (i gcás traenacha fo-uirbeacha) ar sheirbhísí seachbhuaice.';*
- *Cuspóir 2: 'A chinntiú go ndéanfar an bonneagar bóithre uirbeacha a dhearadh/a iarfheistiú chun go mbeidh sé oiriúnach do rothaithe agus go mbeidh bearta bainistíochta tráchta oiriúnach do rothaithe freisin.'; agus*
- *Cuspóir 8: 'A chinntiú go gcabhróidh comhtháthú cuí na rothaíochta agus an iompair phoiblí leis an líon daoine atá ag tabhairt faoin rothaíocht a mhéadú ar fud an réigiúin.'*

Éascóidh an Scéim Bheartaithe modhanna inbhuanaithe iompair agus comhlíonann sí an Creat Beartais Náisiúnta Rothaíochta go hiomlán trí sholáthar a dhéanamh ar bhonneagar rothaíochta sábháilte atá leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir.

1.4.2 Doiciméid Bheartais Réigiúnaigh

1.4.2.1 An Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 (an tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2016)

Tá an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ina creat le haghaidh bonneagar agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a sholáthar. Mar chuid den Straitéis Iompair, tá an Croíghréasán Bus le forbairt chun tosaíocht leanúnach a thabhairt do ghluaiseacht bus ar na codanna den Chroíghréasán Bus atá laistigh den

Cheantar Cathrach. Bainfear é sin amach trí sholáthairtí breisithe lána bus, trí dheireadh a chur le moilleanna feadh na mbealaí agus tríd an mbus a chumasú a bheith ina chóir iompair atá níos gasta ná an carr feadh na mbealaí sin.

Leagtar béim sa Straitéis Iompair ar 16 Chroíghréasán Bus Ghathacha. Leagtar an méid seo a leanas amach faoin gceannteideal *'Bonneagar Bus'*:

> *'D'fhonn córas bus éifeachtúil, iontaofa agus éifeachtach a chinntiú, tá sé beartaithe, mar chuid den Straitéis, an Croíghréasán Bus a fhorbairt chun tosaíocht leanúnach a thabhairt, chomh fada agus is féidir, do ghluaiseacht bus ar na codanna den Chroíghréasán Bus atá laistigh den Cheantar Cathrach. Ciallóidh sé sin lánaí bus feabhsaithe ar na conairí seo a sholáthar, deireadh a chur le moilleanna reatha ar an ngréasán bus sna suíomhanna ábhartha, agus cur ar chumas an bhus rogha níos tapúla ná trácht gluaisteán a chur ar fáil ar na bealaí seo, a dhéanfaidh an t-iompar bus ina rogha níos tarraingtí d'úsáideoirí bóthair. Déanfaidh sé freisin an córas foriomlán bus níos éifeachtúla, mar is de thoradh turais bhus níos tapúla gur féidir níos mó daoine a iompar leis an leibhéal céanna acmhainní feithiclí agus tiománaithe.'*

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ar aon dul leis an reachtaíocht lena rialaítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, rinneadh roinnt straitéisí malartacha réasúnacha a cheapadh agus a mheasúnú, agus aird á tabhairt ar chuspóirí agus raon geografach na straitéise. Rinneadh meastóireacht ar fhorálacha na Straitéise Iompair (lena n-áirítear modhanna busbhunaithe iompair) ó thaobh éifeachtaí suntasacha féideartha de. Sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith ag an Straitéis Iompair, lena n-áirítear caillteanas gnáthóg, cur isteach ar speicis faoi chosaint agus iad a easáitiú, agus éifeachtaí ar chriosanna bruachánacha in áiteanna a dtrasnaítear sruthchúrsaí. Sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí, sainaithníodh moltaí atá comhtháite isteach sa Straitéis Iompair chun éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, lena n-áirítear Pleananna Bainistíochta Timpeallachta Tógála agus Pleananna Bainistíochta Dramhaíola Tógála. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

Leis an Scéim Bheartaithe, soláthrófar an bonneagar a theastaíonn chun 'tosaíocht leanúnach a thabhairt do ghluaiseacht bus ar na codanna den Chroíghréasán Bus atá laistigh den Cheantar Cathrach' a éascú. Bainfidh an Scéim Bheartaithe cuspóirí na Straitéise Iompair amach trí na lánaí bus feabhsaithe a sholáthar, trí scrogaill tráchta a bhaint agus tríd an mbus a dhéanamh níos tarraingtí do chomaitéirí ná iompar carrbhunaithe. Comhlíonann an Scéim Bheartaithe an Straitéis Iompair go hiomlán agus tá sí lán-chomhlántach léi.

1.4.2.2 An Plean Comhtháite Forfheidhmithe 2019-2024

Ullmhaíodh an Plean Comhtháite Forfheidhmithe 2019-2024 (an tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2019) ón Údarás Náisiúnta Iompair chun ailíniú le hathbhreithniú an Rialtais ar chaiteachas caipitil. Sainaithnítear sa Phlean Comhtháite Forfheidhmithe na príomhchuspóirí agus na príomh-aschuir atá le comhlíonadh ag an Údarás Náisiúnta Iompair thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta agus na gníomhartha atá le déanamh chun a chinntiú go ndéanfar bonneagar iompair phoiblí a chomhtháthú go héifeachtach. Áirítear na nithe seo a leanas le príomhchuspóirí an Phlean Chomhtháite Forfheidhmithe:

- *'Gréasán bus a sholáthar atá éifeachtach agus dea-dheartha agus a chuireann barr feabhais ar bhealaí agus ar sheirbhísí chun freastal ar éileamh na bpaisinéirí;*
- *A chinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtúil le linn seirbhísí bus a chur ar fáil;*
- *Iarracht a dhéanamh amanna ginearálta turais a laghdú agus iontaofacht na seirbhísí bus a fheabhsú;*
- *Na patrúin seirbhíse a fheabhsú trí sheirbhísí a fheabhsú i dtréimhsí seachbhuaice, um thráthnóna, agus ag an deireadh seachtaine. Beidh seirbhísí bus 24 huaire an chloig ar fáil ar chonairí traschathrach ríthábhachtacha i mBaile Átha Cliath;*
- *Cómhalartú paisinéirí níos minice le modhanna iompair eile a fhorbairt;'*
- *'Flít busanna atá tarraingteach, compordach, glan, inrochtana agus nua-aimseartha a chur ar fáil'; agus*

- *'Feidhmíocht chomhshaoil an fhlít busanna a fheabhsú'.*

Rud sonrach, is é aidhm shonraithe an Phlean, maidir le BusConnects Bhaile Átha Cliath, *'an córas bus reatha i réigiún Bhaile Átha Cliath a leasú ó bhonn trí* (i measc nithe eile)*:*

- *Gréasán de chonairí bus nua a thógáil ar na bealaí bus is gnóthaí chun turais bhus a dhéanamh níos tapa, níos intuartha agus níos iontaofa;*
- *An gréasán bealaí bus a athdhearadh go hiomlán chun gréasán níos éifeachtaí a sholáthar, níos mó áiteanna a nascadh agus níos mó paisinéirí a iompar';*
- *'Libhré nua bus a chur i bhfeidhm a chuirfidh cuma nua-aimseartha ar an gcóras bus nua;*
- *Na stadanna bus nua a chur i bhfeidhm le comharthaí níos fearr agus soláthar scáthlán bus breise a mhéadú';* agus
- *'Aistriú chuig flít busanna nua le teicneolaíochtaí feithicle astaíochtaí ísle.'*

Leagtar na nithe seo a leanas amach freisin faoin gceannteideal *'Creat Infheistíochta Straitéiseach um Iompar ar Tír'* sa Phlean Comhtháite Forfheidhmithe:

> *'Ní hé an córas busanna amháin, áfach, a athrófar ó bhonn faoi BusConnects Bhaile Átha Cliath. Is iad na conairí céanna atá tábhachtach do bhusanna na príomhbhealaí rothaíochta sa chathair. Le BusConnects Bhaile Átha Cliath, cuirfear áiseanna rothaíochta sábháilte ar fáil ar gach conair, agus iad scartha chomh fada agus is féidir go praiticiúil, ó thrácht eile. Beidh an bonneagar rothaíochta a chuirfear ar fáil faoin gclár seo mar chuid dhílis de ghréasán rothaíochta an réigiúin agus bainfidh sé mórathrú radacach amach ar áiseanna rothaíochta.'*

Bhí breithniú ar na saincheisteanna timpeallachta a sainaithníodh i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus i Measúnacht Chuí ag gabháil leis an bPlean Comhtháite Forfheidhmithe. Sainaithníodh i dtorthaí na measúnachtaí sin roinnt scéimeanna a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith acu ar an timpeallacht i dtaca leis na gréasáin bhus agus rothaíochta de bharr tógáil talún, caillteanas gnáthóg agus cur isteach ar ghnáthóga. Ar na bearta maolaithe a sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta tá bearta tógála dea-chleachtais a dhéanamh agus gnáthóga caillte a uainiú agus a athsholáthar. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

Leis an Scéim Bheartaithe, soláthrófar an bonneagar chun cabhrú le bunathrú chun feabhais an ghréasáin bus láithreach, rud a theastaíonn chun comhlíonadh a dhéanamh ar chuspóirí amhail éifeachtúlacht a mhéadú, agaí turais a laghdú agus feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú. Cuirtear san áireamh sa Scéim Bheartaithe na cuspóirí beartais sa Phlean Comhtháite Forfheidhmithe agus i straitéisí eile Iompair.

1.4.2.3 An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER) do Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre 2019-2031 (Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, 2019)

Tá sé mar phríomhchuspóir leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER) do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 2019-2031 ó Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, 2019) tacú le Tionscadal Éireann 2040 a chur chun feidhme trí chreat fadtéarmach eacnamaíochta agus pleanála straitéisí a sholáthar le haghaidh fhorbairt an Réigiúin. Tacaíonn an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach le Tionscadal Éireann 2040 a chur chun feidhme trí chreat fadtéarmach eacnamaíochta agus pleanála straitéisí a sholáthar le haghaidh fhorbairt an Réigiúin. Soláthraítear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach eochairphrionsabail le haghaidh gnéithe timpeallachta, eacnamaíocha agus sóisialta an réigiúin, áit a bhfuil cuspóirí sonracha ag baint le Comhfhorbairt Áite Shláintiúil, le Gníomhú ar son na hAeráide agus le Deis Gheilleagrach. Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, tugtar Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh (CBRanna) ar na freagairtí beartais. Ar na CBRanna ábhartha tá:

> *'CBR 5.2: Tacú le tionscadail thábhachtacha iompair inbhuanaithe a sholáthar, lena n-áirítear na cláir mhéadaithe MetroLink, DART agus Luas, BusConnects agus Gréasán Rothaíochta Uirbeach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus a chinntiú go ndéanfar le forbairt sa todhchaí acmhainn straitéiseach ghréasán iompair láithreach agus beartaithe an cheantair uirbigh a uasmhéadú agus a chosaint.'*

> *'CBR 5.3: Déanfar tuilleadh forbartha i gCeantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a phleanáil agus a dhearadh ar bhealach a éascaíonn patrúin taistil inbhuanaithe, agus béim ar leith á leagan ar an úsáid a bhaintear as modhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus as iompar poiblí agus ar thimpeallacht shábháilte tharraingteach sráide a chruthú do choisithe agus do rothaithe.'*

Cuirtear Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Bhaile Átha Cliath (Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, 2019) ar áireamh sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus sainaithnítear ann an creat pleanála straitéisí agus infheistíochta a theastaíonn chun fás a chumasú. Tá Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Bhaile Átha Cliath ailínithe leis na CBRanna sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach chun úsáid chomhtháite iompair agus talún a chumasú. Tá an fhís don Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha mar a leanas:

> *'Thar na blianta go dtí an bhliain 2031 agus, sa deireadh, go dtí an bhliain 2040, cuirfidh limistéar ceannchathartha Bhaile Átha Cliath lenár láidreachtaí chun éirí ina réigiún cathrach a bheidh cliste, athléimneach ó thaobh aeráide de agus domhanda, agus rochtain á méadú ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha agus ar rogha tithíochta, roghanna taistil agus cáilíocht beatha níos fearr do na daoine a bheidh ina gcónaí sa limistéar ceannchathartha, a bheidh ag obair nó ag déanamh staidéir ann nó a bheidh ag tabhairt cuairt air.'*

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Bhaile Átha Cliath liosta d'infheistíochtaí tábhachtacha bonneagar iompair sa limistéar ceannchathartha, ar infheistíochtaí iad a dtacaíonn an beartas náisiúnta leo.

> *'CBR 8.7: Cur chun cinn a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bainistíocht soghluaisteachta agus as pleananna taistil chun athrú iompraíochta agus úsáid mhéadaithe iompair inbhuanaithe a bhaint amach.'*
>
> *'CBR 8.9: Tacaíonn an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach le soláthar na dtionscadal bus atá leagtha amach i dTábla 8.3, faoi réir thoradh na measúnachta timpeallachta cuí agus an phróisis pleanála.'*

Áirítear na nithe seo a leanas leis na tionscadail bhus:

- *'Croíchonairí Bus a chuimsíonn 16 bhealach ghathacha agus trí chuarbhealach i mBaile Átha Cliath';*
- *'Conairí Réigiúnacha Bus lena nasctar na mórlonnaíochtaí réigiúnacha chuig Baile Átha Cliath'.*

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Réigiúnach Riosca Tuile mar chuid den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach. Sainaithníodh i dtorthaí na measúnachtaí sin roinnt ábhar imní réigiúnach féideartha, lena n-áirítear meath ó thaobh gnáthóg agus cáilíocht uisce de. Sonraítear sna bearta maolaithe a sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta gurb amhlaidh, nuair is gá, go mbeidh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura ag gabháil le gach iarratas ar thoiliú forbartha le haghaidh tionscadail a eascraíonn as aon bheartais. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

Sainaithnítear BusConnects mar thionscadal tábhachtach bonneagair chun prionsabail na Comhfhorbartha Áite Sláintiúla, an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus na Deise Geilleagraí a chomhlíonadh, rud a thacóidh leis an straitéis fáis réigiúnaigh do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, lena n-áirítear limistéar Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Bhaile Átha Cliath. Ní hé amháin go bhféachtar sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach le gréasán feabhsaithe breisithe bus a sholáthar ach is cuid dhílis de chuspóirí iompair na Straitéise í an rothaíocht freisin. Leis an Scéim Bheartaithe, déantar infheistíocht shuntasach i mbonneagar rothaíochta agus taistil ghníomhaigh a ritheann go comhthreomhar leis an gconair bus den chuid is mó.

1.4.2.4 Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (an tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2013)

Is é is Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (an tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2013) ann ná plean ar leibhéal réigiúnach le haghaidh gréasán comhtháite rothaíochta ar fud na seacht n-údarás áitiúla i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Leagtar amach ann tograí le haghaidh trí chineál gréasáin: an Gréasán Uirbeach (lena n-áirítear conairí príomhúla ar a n-iompraítear an chuid is mó den trácht, le tacaíocht ó chonairí tánaisteacha lena soláthraítear naisc idir rotharbhealaí príomha agus criosanna áitiúla), an Gréasán Idir-uirbeach (lena nasctar codanna den ghréasán uirbeach agus an Gréasán Rothaíochta Náisiúnta), agus Gréasán na mBealaí Glasa (a úsáidtear go príomha chun críocha turasóireachta, áineasa agus fóillíochta).

Is iad seo a leanas na gréasáin atá sainaitheanta i bPlean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath:

- *'An Gréasán Rothaíochta Uirbeach ag an leibhéal Príomhúil, Tánaisteach agus Friothálach;*
  - *'Is iad conairí príomhúla na príomh-rotharbhealaí artaireacha a thrasnaíonn an limistéar uirbeach agus ar a n-iompraítear an chuid is mó den trácht;*
  - *Is iad conairí tánaisteacha na naisc idir na rotharbhealaí príomha agus na criosanna áitiúla; agus*
  - *Is iad criosanna friothálacha na naisc ó chriosanna chuig na leibhéil ghréasáin os a gcionn agus/nó rotharbhealaí laistigh de chriosanna áitiúla.'*
- *'An Gréasán Rothaíochta Idir-uirbeach ag nascadh codanna ábhartha den Ghréasán Uirbeach agus lena n-áirítear na codanna den Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta atá laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Áireofar leis freisin naisc chuig príomhláithreacha iompair lasmuigh de limistéir uirbeacha amhail aerfoirt agus calafoirt';* agus
- *'Gréasán na mBealaí Glasa eadhon bealaí rothaíochta arna bhforbairt go príomha chun críocha turasóireachta, áineasa agus fóillíochta.'*

Cuireadh Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta chun sainaithint a dhéanamh ar na roghanna atá ann le haghaidh éifeachtaí diúltacha a mhaolú agus ar na deiseanna atá ann le haghaidh an Plean a bhreisiú nó a fheabhsú ó thaobh na timpeallachta agus phrionsabail na forbartha inbhuanaithe de. Cuireadh i láthair sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta ar an measúnacht a rinneadh ar bhealaí atá lonnaithe ar rotharbhealaí láithreacha agus ar gach bealach Glasbhealaigh aonair laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Sainaithníodh sna fionnachtana na héifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht as bealaí éagsúla glasbhealaigh, go háirithe éifeachtaí ar an mbithéagsúlacht, ar an tírdhreach agus ar an oidhreacht chultúrtha. Sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta bearta maolaithe amhail dea-chleachtas tógála chun na héifeachtaí féideartha le linn na tógála a laghdú. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

Comhlíonann an Scéim Bheartaithe Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath toisc go soláthróidh sí bonneagar chun rothaíocht shábháilte atá leithscartha ón trácht ginearálta a éascú nuair is féidir.

1.4.3 Doiciméid Bheartais Áitiúil

Tá an Scéim Bheartaithe lonnaithe laistigh de limistéir údaráis áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

1.4.3.1 Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an leagan reatha de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2022 agus tá Plean Forbartha nua na Cathrach go dtí an bhliain 2028 á ullmhú aici. Tá comhairliúchán poiblí ar siúl ar an bplean nua, agus cuireadh an comhairliúchán poiblí ar an gCéim Príomhdhréachta den Phlean i gcrích an 22 Feabhra 2021. Leagtar amach i Rannán 5 (Gluaiseacht Inbhuanaithe agus Iompar - roghanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chur chun cinn agus a úsáid) de

Pháipéar Saincheisteanna Straitéiseacha an Chomhairliúcháin Phoiblí go bhfuil an Plean atá ag teacht chun cinn ag lorg tuairimí ar nithe amhail *'Conas is féidir linn níos mó daoine a spreagadh taisteal de shiúl na gcos agus de rothar agus níos mó úsáide a bhaint as an iompar poiblí?'*. Leagtar an méid seo a leanas amach ann freisin: *'Caithfear a bhreithniú sa Phlean freisin conas a dhéanfaidh tuilleadh tionscadal gréasán iompair phoiblí amhail BusConnects* (i measc nithe eile) *difear d'fhorbairt na Cathrach'*. Luaitear an méid seo a leanas ann ina dhiaidh sin: *'Ceann de na príomhrudaí a ndíreoidh an Plean orthu a bheidh i dtuilleadh feabhais a chur ar an inrochtaineacht ar chinn scríbe thábhachtacha amhail ár gcuid ospidéal, ollscoileanna agus saoráidí spóirt agus a bheidh i leanúint le daoine a spreagadh taisteal de shiúl na gcos agus de rothar agus an t-iompar poiblí a úsáid'*.

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach Riosca Tuile mar chuid de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath. Tugadh le fios sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta go bhféadfadh go dtiocfadh tionchair shuntasacha dhiúltacha chun cinn mar thoradh ar na beartais/cuspóirí a bhfuil mar aidhm leo freastal ar an bpobal breise, ar fhás agus forbairt eacnamaíoch agus ar dhlúis a bhíonn ag méadú agus freastal i gcoitinne ar dhianú na cathrach. Sainaithníodh i dtorthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta na héifeachtaí diúltacha iarmharacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bplean ar an mbithéagsúlacht, ar an uisce, ar an oidhreacht ailtireachta, ar an oidhreacht seandálaíochta agus ar an tírdhreach. Sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí, sainaithníodh príomhbhearta maolaithe atá le comhtháthú isteach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath. Áirítear leo sin forbairt a dhéanamh ar bheartais chun an gréasán bonneagair ghlais a chur chun cinn ar fud na cathrach, ar bheartais chun aistriú córa iompair ón gcarr príobháideach chuig modhanna níos inbhuanaithe iompair a chur chun cinn agus ar bheartais chun cáilíocht uisce agus aercháilíocht sa chathair a chur chun cinn agus a fheabhsú. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

1.4.3.2 Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2022

Áirítear le Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2022 (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2016) Cuspóir MT04 ina sonraítear go bhfuil sé mar chuspóir ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

> *'Tacú le feabhsuithe ar ghréasán bus na cathrach agus ar sheirbhísí gaolmhara chun a spreagadh go mbainfear tuilleadh úsáide as an iompar poiblí i gcomhréir le cuspóirí straitéis an Údaráis Náisiúnta Iompair agus leis an doiciméad 'Taisteal Níos Cliste' ón Rialtas' (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2016, lch 125).*

Laistigh de Limistéar Údaráis Áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tacaíonn pleananna limistéarbhunaithe leis an bplean forbartha. Áirítear leo sin Criosanna Forbartha Straitéisí agus Máistirphleananna, lena dtugtar beartais agus cuspóirí atá níos beaichte agus níos mine, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bonneagar iompair phoiblí níos fearr agus le nascacht iompair phoiblí níos fearr.

De bhreis ar an gcomhthéacs beartais áitiúil don Scéim Bheartaithe, tacaíonn na doiciméid bheartais náisiúnta agus réigiúnaigh seo a leanas leis an gClár BusConnects agus lena chuid aidhmeanna agus cuspóirí. Tá achoimre orthu sin tugtha sna rannáin seo a leanas.

1.4.3.3 An Plean Gnímh ar son Athrú Aeráide 2019-2024 ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Glacadh an Plean Gnímh ar son Athrú Aeráide ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2020. Is freagairt chomhoibríoch é don difear atá á dhéanamh ag an athrú aeráide do Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus is léiriú é ar thiomantas na Comhairle do ghníomhú mar eiseamláir maidir le dul i ngleic leis an bhfadhb dhomhanda seo. Baineann an Plean Gnímh ar son Athrú Aeráide ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go huathúil lena limistéar feidhme agus cuimsítear ann 219 ngníomh lena gcumhdaítear cúig phríomhréimse – Fuinneamh agus Foirgnimh, an tIompar, Athléimneacht i leith Tuile, Réitigh Dhúlrabhunaithe agus Bainistíocht Acmhainní (dramhaíl agus uisce). Tá ceithre phríomhsprioc ann:

1. *Feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2020.*
2. *Laghdú 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030.*
3. *Réigiún atá athléimneach ó thaobh aeráide de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath trí laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag eachtraí sa todhchaí (agus atá ag eachtraí láithreacha) a bhaineann leis an athrú aeráide.*

4. *Teagmháil a dhéanamh go gníomhach le saoránaigh maidir leis an athrú aeráide, agus eolas a thabhairt dóibh go gníomhach ina leith.*

Dírítear sa Phlean Gnímh ar son Athrú Aeráide ar an mbeart iompair inbhuanaithe chun truailleáin a laghdú agus chun aistriú córa iompair ón gcarr príobháideach chuig an iompar poiblí a bhaint amach. Tá ceann amháin de na gníomhartha Iompair Phoiblí, mar atá gníomh uimhir T22, bainteach go sonrach leis an Scéim Bheartaithe mar a leanas: *'Tá idirchaidreamh le déanamh ag CCBÁC le ÚNI maidir le clár BusConnects'*.

Táirgeadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí mar chuid den Phlean Gnímh ar son Athrú Aeráide. Sainaithníodh iontu na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an oidhreacht chultúrtha agus na héifeachtaí suntasacha carnacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhainistíocht acmhainní. Sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta roinnt éifeachtaí dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bPlean Gnímh ar son Athrú Aeráide, mar shampla éifeachtaí dearfacha ar shláinte an duine maidir le haistriú córa iompair agus bonneagar glas. Áirítear leis na bearta maolaithe a sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta an dea-chleachtas maidir le dearadh draenála agus bearta tuile nádúrtha. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

1.4.3.4 Pleananna Limistéir Áitiúil laistigh de Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath atá Ábhartha don Scéim Bheartaithe

Tá an Scéim Bheartaithe Ionnaithe laistigh de limistéar Phlean Limistéir Áitiúil na Saoirsí 2009 (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2009) ó Shráid Shéamais/an R810 go dtí an tSráid Ard/an R108. Tá aidhm uileghabhálach an Phlean Limistéir Áitiúil mar a leanas:

> *Prionsabail an dea-dhearaidh uirbigh a chur chun cinn, lena n-áirítear nascacht a fheabhsú agus soléiteacht agus tréscaoilteacht na Saoirsí a bhreisiú i gcomparáid leis an mórdhreach cathrach.*
>
> *Modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn trí iad a dhéanamh áisiúil agus tarraingteach, lena n-áirítear bealaí siúil agus rothaíochta, agus trí sholáthar an bhonneagair iompair phoiblí a éascú agus trí úsáid an bhonneagair sin a bharrfheabhsú.*

1.4.3.5 Croí Bhaile Átha Cliath – Máistirphlean do Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach 2016

D'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Croí Bhaile Átha Cliath – Máistirphlean do Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2016) do Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2016. Is é atá san fhís fhoriomlán ná croílimistéar atá oiriúnach do choisithe laistigh de Lár na Cathrach. Teastóidh ón straitéis go gcuirfear an gréasán iompair phoiblí i gcrích go hiomlán chun go mbeidh sé éasca, compordach agus taitneamhach bogadh laistigh den chathair.

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

1.4.3.6 Plean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2016-2022

Le Plean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2016-2022 (Comhairle Contae Átha Cliath Theas, 2016), socraítear an straitéis le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe do dhlínse Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Is iad cáilíocht beatha, rathúnas, inbhuanaitheacht, sláinte agus folláine, cuimsiú sóisialta, agus oiriúnú don athrú aeráide breithniúcháin uileghabhálacha an phlean. Sonraítear an méid seo a leanas sa ghné iompair den straitéis:

> *'Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Iompair do Chontae Átha Cliath Theas a chinntiú gurb ann do straitéis chomhtháite le haghaidh iompair agus soghluaisteachta lena mbreisítear an rochtain agus an ghluaiseacht laistigh den Chontae agus tríd an gContae, agus athruithe i bhfabhar modhanna inbhuanaithe á gcur chun cinn. Leis an straitéis, tugtar aghaidh ar gach cineál tráchta, lena n-áirítear trácht coisithe, trácht rothaithe, trácht iompair phoiblí, trácht feithiclí príobháideacha agus tréthrácht eacnamaíoch. Tá na straitéisí lonnaíochta, fostaíochta agus iompair ag teacht leis an aidhm um threisiú ar an gcomhtháthú idir fostaíocht, pobal agus seirbhísí iompair.'*

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas líon ard beartas agus cuspóirí atá ábhartha don Scéim Bheartaithe. Bunaítear le Plean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas roinnt cuspóirí criosaithe a bhfuil mar aidhm leo úsáidí talún sa todhchaí a rialáil agus a bhainistiú. Rachaidh an Scéim Bheartaithe trí thailte atá faoi réir cuspóirí criosaithe.

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Straitéiseach Riosca Tuile mar chuid de Phlean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Cuireadh Scagadh Chéim a hAon ar Mheasúnacht Chuí i gcrích freisin agus thángthas ar an gconclúid ann go mbeadh sé ina cheanglas Measúnacht Chuí a dhéanamh le haghaidh Phlean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta roinnt tionchair shuntasacha dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag Plean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, lena n-áirítear acmhainn na cóireála fuíolluisce laistigh de réigiún na comhairle agus an fhéidearthacht go ndéanfadh forbairt spáis oscailte agus limistéar úrna difear do nádúr an tírdhreacha agus cur isteach ar ghréasáin ghnáthóg agus ar speicis faoi chosaint. Sainaithníodh bearta maolaithe sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta chun aon tionchair shuntasacha dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag Plean Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a chosc agus a laghdú agus, a mhéid is féidir, chun iad a fhritháireamh. Comhtháthaíodh na bearta maolaithe laistigh den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta ó mheasúnachtaí éagsúla, lena n-áirítear próisis scagtha na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, na Measúnachta Straitéisí Riosca Tuile agus na Measúnachta Cuí. Ar na bearta maolaithe tá beartais éagsúla lena ndéantar gnéithe éagsúla comhshaoil a chosaint agus a bhreisiú, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, an t-uisce, an tuile, an tírdhreach, an t-aer, an torann, an t-iompar agus tosca aeráide. Cuireadh torthaí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

1.4.3.7 An Plean Gnímh ar son Athrú Aeráide 2019-2024 ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Glacadh an Plean Gnímh ar son Athrú Aeráide ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas sa bhliain 2019. Ba fhreagairt chomhoibríoch é don difear atá á dhéanamh ag an athrú aeráide do Réigiún Bhaile Átha Cliath. Baineann an plean ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas go huathúil lena limistéar feidhme. Cumhdaítear cúig phríomhréimse leis an bplean – Fuinneamh agus Foirgnimh, an tIompar, Athléimneacht i leith Tuile, Réitigh Dhúlrabhunaithe agus Bainistíocht Acmhainní. Leagtar 130 gníomh ar fud na bpríomhréimsí amach ann. Tá ceithre phríomhsprioc an phlean mar a leanas:

1. *Feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2020.*
2. *Laghdú 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030.*
3. *Réigiún atá athléimneach ó thaobh aeráide de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath trí laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag eachtraí sa todhchaí (agus atá ag eachtraí láithreacha) a bhaineann leis an athrú aeráide.*
4. *Teagmháil a dhéanamh go gníomhach le saoránaigh maidir leis an athrú aeráide, agus eolas a thabhairt dóibh go gníomhach ina leith.*

Dírítear sa Phlean ar son Athrú Aeráide ar an mbeart iompair inbhuanaithe chun truailleáin a laghdú agus chun aistriú córa iompair ón gcarr príobháideach chuig an iompar poiblí a bhaint amach.

Ullmhaíodh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den phlean. Tugadh le fios i dtorthaí na measúnachta gurbh amhlaidh, mura ndéanfaí maolú, go bhféadfadh go mbeadh roinnt de na cuspóirí straitéiseacha mar chúis le héifeachtaí diúltacha, go háirithe ar shláinte an duine, rud a ndéanann tosca éagsúla, lena n-áirítear aercháilíocht agus torann, difear dó. Ar na bearta maolaithe tá feabhas a chur ar bhonneagar glas agus úsáid a bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe chun athléimneacht i leith tuile a bhreisiú. Cuireadh na torthaí agus na bearta maolaithe a sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí san áireamh le linn éifeachtaí suntasacha dóchúla na Scéime Beartaithe a bhreithniú.

2. An Comhthéacs Reachtach

2.1 An Treoir MTT

Leasaíodh Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 (dá ngairtear "an Treoir MTT" anseo ina dhiaidh seo). Ceanglaítear leis an Treoir MTT go gcuirfear tionscadail ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol faoi réir measúnacht ar a n-éifeachtaí ar an gcomhshaol sula dtabharfar toiliú forbartha le haghaidh na dtionscadal sin.

Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú) na tionscadail nach mór a chur faoi réir Measúnacht Tionchair Timpeallachta. I gcás tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú), ba cheart na tionscadail sin a chur faoi réir Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gcás go gcinnfear gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaol.

I gcás go gceanglófar Scagadh ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh, beidh ceanglas ann breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis faoi shaintréithe an tionscadail agus faoi na héifeachtaí suntasacha ar dóigh dó iad a bheith aige ar an gcomhshaol. Sonraítear in Iarscríbhinn IIA a ghabhann leis an Treoir MTT liosta mionsonraithe den fhaisnéis atá le soláthar. Cuimsítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú) na critéir roghnúcháin ábhartha atá le cur san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh ar cé acu a cheanglófar nó nach gceanglófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh.

2.2 Acht na mBóithre

2.2.1 An Ceanglas le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Acht na mBóithre

Déantar foráil le halt 50 d'Acht na mBóithre do mheasúnacht tionchair timpeallachta (MTT) a dhéanamh le haghaidh "forbairt bhóthair" bheartaithe áirithe. Foráiltear dó seo a leanas le halt 50(1)(a):

> *'(1)(a) Forbairt bhóthair bheartaithe arb éard í ceann amháin díobh seo a leanas, cuirfear faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta í:*
>
> *(i) mótarbhealach a dhéanamh;*
>
> *(ii) busbhealach a dhéanamh;*
>
> *(iii) limistéar seirbhíse a dhéanamh;*
>
> *(iv) aon chineál forordaithe forbartha bóthair beartaithe arb éard í bóthar poiblí beartaithe a dhéanamh nó bóthar poiblí láithreach a fheabhsú.'*

Faoi airteagal 8 de Rialacháin na mBóithre, 1994 [I.R. Uimh. 119 de 1994], arna leasú ("Rialacháin 1994"), is é atá sna cineálacha forordaithe "forbairt bhóthair" chun críocha alt 50(1)(a)(iv) d'Acht na mBóithre:

> *'(a) bóthar nua a dhéanamh arb éard é ceithre lána nó níos mó, nó bóthar láithreach a athailíniú nó a leathnú chun go soláthrófar ceithre lána nó níos mó, i gcás ina mbeadh bóthar nua, athailínithe nó leathnaithe den sórt sin ocht gciliméadar nó níos mó ar fad i limistéar tuaithe nó 500 méadar nó níos mó ar fad i limistéar uirbeach;*
>
> *(b) droichead nua nó tollán nua a dhéanamh a bheadh 100 méadar nó níos mó ar fad.'*

Ní thagann an Scéim Bheartaithe faoi chatagóir "forbairt bhóthair" faoi alt 50(1)(a) d'Acht na mBóithre ná faoi airteagal 8 de Rialacháin 1994.

Mar sin féin, luaitear an méid seo a leanas in alt 50(1)(c) d'Acht na mBóithre:

'I gcás ina measfaidh údarás bóithre nó, de réir mar a bheidh, an tÚdarás gur dhóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol ag aon fhorbairt bhóthair a bheartaíonn sé (seachas forbairt lena mbaineann mír (a)) arb éard í bóthar poiblí beartaithe a dhéanamh nó bóthar poiblí láithreach a fheabhsú, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhord Pleanála i scríbhinn sula ndéanfaidh sé iarratas chuig an mBord ar cheadú dá dtagraítear in alt 51(1) i leith na forbartha.'

I gcomhréir lena bhfuil thuas, déantar breithniú sa Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ar cé acu is dóigh nó nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol. I gcás go measfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe, ceanglófar air an méid sin a chur in iúl don Bhord Pleanála i scríbhinn sula ndéanfaidh sé iarratas chuig an mBord ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre i leith na Scéime Beartaithe.

2.3 Ábhar an Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Acht na mBóithre

Faoi alt 50(1)(c) d'Acht na mBóithre, ní mór na critéir roghnúcháin ábhartha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT a chur san áireamh i gcás go ndéanfar breithniú ar cé acu ba dhóigh nó nár dhóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag forbairt bhóthair ar an gcomhshaol. Is mar a leanas atá na critéir roghnúcháin ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú):-

1. Saintréithe tionscadal

Ní mór na saintréithe tionscadal a chur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt orthu seo a leanas:

(a) méid agus dearadh an tionscadail iomláin;

(b) carnadh le tionscadail láithreacha eile agus/nó le tionscadail cheadaithe eile;

(c) úsáid acmhainní nádúrtha, go háirithe talamh, ithir, uisce agus bithéagsúlacht;

(d) táirgeadh dramhaíola;

(e) truailliú agus núiseanna;

(f) an riosca go dtiocfaidh mórthionóiscí agus/nó tubaistí atá ábhartha don tionscadal lena mbaineann chun cinn, lena n-áirítear iad sin a bhfuil an t-athrú aeráide mar chúis leo, de réir eolas eolaíoch;

(g) na rioscaí do shláinte an duine (mar shampla de bharr éilliú uisce nó truailliú aeir).

2. Láthair tionscadal

Íogaireacht chomhshaoil na limistéar geografach ar dóigh go ndéanfar difear dóibh, agus aird ar leith á tabhairt ar na nithe seo a leanas: (a) an úsáid talún láithreach agus an úsáid talún cheadaithe; (b) flúirse choibhneasta, cáilíocht agus cumas athghiniúnach na n-acmhainní nádúrtha (lena n-áirítear ithir, talamh, uisce agus bithéagsúlacht) sa limistéar agus faoina bhun agus an fháil ar na hacmhainní sin; (c) cumas ionsúcháin na timpeallachta nádúrtha, agus aird ar leith á tabhairt ar na limistéir seo a leanas:

(i) bogaigh, limistéir bhruachánacha, béil abhann;

(ii) criosanna cósta agus an mhuirthimpeallacht;

(iii) limistéir shléibhe agus foraoise;

(iv) anaclanna dúlra agus páirceanna;

(v) limistéir atá aicmithe nó cosanta faoin reachtaíocht náisiúnta; limistéir Natura 2000 arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE;

(vi) limistéir inar mainníodh cheana féin na caighdeáin cháilíochta comhshaoil arna leagan síos i reachtaíocht ón Aontas agus atá ábhartha don tionscadal a chomhlíonadh nó inar measadh go bhfuil mainneachtain den sórt sin ann;

(vii) limistéir dhlúthdhaonra;

(viii) tírdhreacha agus láithreáin lena mbaineann tábhacht stairiúil, chultúrtha nó seandálaíochta.

3. Cineál agus saintréithe an tionscadail fhéidearthа

Ní mór na héifeachtaí suntasacha ar dóigh do thionscadail iad a bheith acu ar an gcomhshaol a bhreithniú i dtaca le critéir a leagtar amach i bpointí 1 agus 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, agus aird á tabhairt ar an tionchar a bheidh ag an tionscadal ar na tosca a shonraítear in Airteagal 3(1), agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) méid agus fairsinge spásúil an tionchair (mar shampla an limistéar geografach agus méid an phobail ar dóigh go ndéanfar difear dóibh);

(b) cineál an tionchair;

(c) cineál trasteorann an tionchair;

(d) déine agus castacht an tionchair;

(e) dóchúlacht an tionchair;

(f) tús ionchais, fad ionchais, minicíocht ionchais agus inchúlaitheacht ionchais an tionchair;

(g) carnadh an tionscadail leis an tionchar a bheidh ag tionscadail láithreacha eile agus/nó le tionscadail cheadaithe eile;

(h) an fhéidearthacht go laghdófaí an tionchar go héifeachtach.

Leagtar amach in Iarscríbhinn IIA a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú) liosta mionsonraithe den fhaisnéis atá le cur ar áireamh i dTuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Sa cholún clé de Tábla 2.1 thíos, tugtar liosta den fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú) agus atá le cur ar áireamh i dTuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus, sa cholún deas, leagtar amach cén áit ar féidir an fhaisnéis sin a aimsiú sa Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Comhlíonann an Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ceanglais Iarscríbhinn IIA a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú), mar a shainmhínítear i Tábla 2.1.

Tábla 2.1: Ábhar na Tuarascála Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta

Iarscríbhinn IIA a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú)	Rannán den Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta
1) Cur síos ar an tionscadal, lena n-áirítear na nithe seo a leanas go háirithe: a) cur síos ar shaintréithe fisiciúla an tionscadail iomláin agus, nuair is ábhartha, ar shaintréithe fisiciúla na n-oibreacha scartála; b) cur síos ar láthair an tionscadail, agus aird ar leith á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil na limistéar geografach ar dóigh go ndéanfar difear dóibh.	Rannán 3 - Saintréithe na Scéime Beartaithe Rannán 4 - Láthair na Scéime Beartaithe
2) Cur síos ar na gnéithe den chomhshaol ar dóigh go ndéanfaidh an tionscadal difear suntasach dóibh.	Rannán 5 - Cur Síos ar na hÉifeachtaí Suntasacha ar Dóigh Dóibh a Bheith Ann
3) Cur síos ar aon éifeachtaí suntasacha ar dóigh don tionscadal iad a bheith aige ar an gcomhshaol, a mhéid atá faisnéis ar fáil faoi na héifeachtaí sin, a thiocfaidh as na nithe seo a leanas:	Rannán 5 - Cur Síos ar na hÉifeachtaí Suntasacha ar Dóigh Dóibh a Bheith Ann

a) na hiarmhair ionchais, na hastaíochtaí ionchais, agus táirgeadh dramhaíola, nuair is ábhartha; b) úsáid acmhainní nádúrtha, go háirithe ithir, talamh, uisce agus bithéagsúlacht.	
4) Cuirfear critéir Iarscríbhinn III ar áireamh, nuair is ábhartha, le linn an fhaisnéis a thiomsú i gcomhréir le pointí 1 go 3.	Rannán 3 - Saintréithe na Scéime Beartaithe Rannán 4 - Láthair na Scéime Beartaithe Rannán 5 - Cur Síos ar na hÉifeachtaí Suntasacha ar Dóigh Dóibh a Bheith Ann

3. Saintréithe na Scéime Beartaithe

3.1 Réamhrá

Leagtar amach i mír 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT na critéir a bhaineann le saintréithe tionscadal ba cheart a chur san áireamh. Áirítear leo na nithe seo a leanas:

- Méid agus dearadh an tionscadail iomláin;
- Carnadh le tionscadail láithreacha eile agus/nó le tionscadail cheadaithe eile;
- Úsáid acmhainní nádúrtha, go háirithe talamh, ithir, uisce agus bithéagsúlacht;
- Táirgeadh dramhaíola;
- Truailliú agus núiseanna;
- An riosca go dtiocfaidh mórthionóiscí, agus aird á tabhairt go háirithe ar na substaintí nó na teicneolaíochtaí arna n-úsáid, agus/nó tubaistí atá ábhartha don tionscadal lena mbaineann chun cinn, lena n-áirítear iad sin a bhfuil an t-athrú aeráide mar chúis leo, de réir eolas eolaíoch;
- Na rioscaí do shláinte an duine (mar shampla de bharr éilliú uisce nó truailliú aeir).

Tá cur síos déanta sna rannáin seo a leanas ar shaintréithe na Scéime Beartaithe, agus tagairt á déanamh do na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn III.

3.2 Cur síos ar an Scéim Bheartaithe

3.2.1 Forbhreathnú

Pointe tosaithe na Scéime Beartaithe is ea Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817 ag an acomhal le Bóthar Thír an Iúir Thiar/an R818, le Bóthar Chamaí Thiar/an R818 agus le Bóthar Ghort an Dúin. Leanfaidh an Scéim Bheartaithe ar aghaidh feadh Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817 i dtreo Lár na Cathrach, trí Bhóthar Chrois Araild/an R137, Sráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach agus an tSráid Nua Theas, áit a gceanglóidh sí sa deireadh leis an gCroíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach ag acomhal Shráid Chaoimhín Uachtarach/an R110. Tabharfar tosaíocht do bhusanna feadh an bhealaigh ar fad, a bheidh comhdhéanta go príomha de lánaí tiomnaithe bus sa dá threo nuair is féidir, agus tá sé beartaithe bearta malartacha a thabhairt isteach ag láithreacha a bhfuil srianta ar leith ag gabháil leo, amhail an-chuid de Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817, Páirc Chrois Araild Thiar agus codanna gearra de Shráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach/an R137 i dtreonna ailtéarnacha. Tá sé beartaithe freisin rotharbhealach comhlántach a thabhairt isteach sa taobh thiar den Scéim Bheartaithe trí shráideanna ciúine ag an taobh theas den Scéim Bheartaithe.

Tá an Scéim Bheartaithe le feiceáil ar líníochtaí in Appendix A.

3.2.2 Bóthar Chamaí Íochtarach ó Chrosaire Chamaí go dtí an tAcomhal le Bóthar Chrois Araild

Pointe tosaithe na coda seo den Scéim Bheartaithe a bheidh i mBóthar Chamaí Íochtarach/an R817 ag an acomhal leis an R818 ar Bhóthar Chamaí Thiar agus le Bóthar Thír an Iúir Thiar. Leanfaidh an Scéim Bheartaithe feadh an bhealaigh sin i dtreo an oirthuaiscirt den chuid is mó, agus is é an t-acomhal le Bóthar Chrois Araild/an R137 ag an taobh thuaidh de Pháirc Chrois Araild pointe críochnaithe na Scéime Beartaithe.

Tabharfar tosaíocht do bhusanna feadh fhad iomlán na coda sin den Scéim Bheartaithe, áit a mbeidh lánaí tiomnaithe bus ann sa dá threo ó phointe tosaithe na Scéime Beartaithe go dtí an áit a bhfuil sé beartaithe Geata Bus ó dheas a thabhairt isteach pas beag ó thuaidh ón acomhal idir Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817 agus Páirc Ghleann na bhFiach. Oibreoidh an Geata Bus sin agus Geata Bus ó thuaidh ag Páirc Chrois Araild i ndiaidh a chéile chun an tréthrácht a chosc thar an bhfad 2 km eile den chuid sin go Bóthar Chrois Araild/an R137 ag Páirc Chrois Araild, á chinntiú go dtabharfar tosaíocht fheabhsaithe do bhusanna tríd an tréthrácht a chur amach as an mbealach sin agus á chinntiú freisin go mbeidh taitneamhacht níos fearr ann do chónaitheoirí áitiúla trí

shráid a bheidh níos ciúine ná mar atá sí faoi láthair a fhorbairt (cé nach n-athrófar na socruithe páirceála atá ann cheana). Atreorófar rochtain tráchta áitiúil trí Bhóthar Ghrianréime nó Ascaill Ghort na Fuiseoige.

Chun Geata Bus ó dheas a sholáthar ag Acomhal Pháirc Ghleann na bhFiach, beidh sé riachtanach roinnt beart bainistíochta tráchta a sholáthar ar shráideanna cónaithe tadhlacha chun tréthrácht nó trácht cóngar sciuirde a chosc. Déanfar Páirc an Phoitéil ar an taobh thiar de Pháirc Ghleann na bhFiach agus Bóthar Loch Dairbhreach ar an taobh thoir de Pháirc Ghleann na bhFiach a dhúnadh don tréthrácht, seachas rothaithe, ag láithreacha oiriúnacha. De bhreis air sin, cuirfear feabhas ar an acomhal idir Bóthar Chrois Araild/an R137 agus Páirc Kenilworth trí thiontú ar dheis ó dheas a sholáthar chun rochtain áitiúil ar Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817 ón tuaisceart a éascú agus trí Gheata Bus siar a sholáthar ó Chearnóg Kenilworth.

Soláthrófar raonta comhréidhe rothar sa dá threo feadh na fochoda theas den Scéim Bheartaithe atá lonnaithe roimh an nGeata Bus ag Acomhal Pháirc Ghleann na bhFiach. I ndiaidh an phointe sin, coinneofar na lánaí comhairleacha láithreacha rothar agus ní athrófar iad, toisc go mbeadh staid an bhóthair i bhfad níos fearr de bharr an tráchta ghinearálta laghdaithe a bhfreastalóidh an Geata Bus air. Ainmneofar rotharbhealach tánaisteach freisin, agus é comhthreomhar le Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817, feadh Pháirc an Phoitéil, Bhóthar Bheannchair agus Pháirc na Blarnan go Bóthar Ghrianréime. Ó Bhóthar Ghrianréime, treorófar rothaithe trí nasc nua chuig Bealach Chnocán Argos agus Radharc Chnocán Argos trí dhéanmhas beartaithe clárchosán cruaiche thar an bPoitéal (agus an ghné Bád Cloiche).

3.2.3 Bóthar Chrois Araild ó Pháirc Chrois Araild go dtí an Chanáil Mhór

Pointe tosaithe na coda seo den Scéim Bheartaithe a bheidh san acomhal idir Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817 agus Bóthar Chrois Araild/an R137 ag an taobh thuaidh de Pháirc Chrois Araild agus leanfaidh sí ar aghaidh ó thuaidh, ag críochnú san áit a sroichfidh sí an Chanáil Mhór ag Droichead Roibeaird Emmet.

Tabharfar tosaíocht do bhusanna feadh fhad iomlán na coda sin den Scéim Bheartaithe, áit a gcoinneofar na lánaí tiomnaithe láithreacha bus feadh Bhóthar Chrois Araild/an R137.

Soláthrófar raonta rothar leithscartha nua sa dá threo feadh Bhóthar Chrois Araild/an R137.

3.2.4 Sráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach agus an tSráid Nua ón gCanáil Mhór go hAcomhal Shráid Phádraig

Pointe tosaithe na coda seo den Scéim Bheartaithe a bheidh i Sráid Chlann Bhreasail Uachtarach/an R137 agus leanfaidh sí feadh Shráid Chlann Bhreasail Íochtarach/an R137 go dtí go sroichfidh sí an t-acomhal le Sráid Chaoimhín Uachtarach/an R110 agus le Sráid Phádraig/an R137.

Ag Droichead Roibeaird Emmet thar an gCanáil Mhór, tá sé beartaithe dhá dhéanmhas nua droichead coisithe a sholáthar ar an dá thaobh de Dhroichead Roibeaird Emmet láithreach chun raonta rothar a sholáthar lasmuigh de leithead caol an droichid. Is é a bheidh sna déanmhais sin, a bheidh thart ar 23.5 m ar fad, ná droichid trí réise a dtacóidh bíomaí cruaiche leo.

Tabharfar tosaíocht do bhusanna trí na lánaí tiomnaithe láithreacha bus a fhadú in áiteanna nó trí chomharthaí tosaíochta bus a thabhairt isteach ag acomhal tábhachtach Choirnéal Lionaird ar an gCuarbhóthar Theas/an R811.

Soláthrófar raonta comhréidhe nua rothar sa dá threo feadh fhad iomlán na coda sin den Scéim Bheartaithe.

3.2.5 An Chéim Tógála

Táthar ag coinne leis go dtógfaidh sé thart ar 24 mhí chun an Scéim Bheartaithe a thógáil. Chun an cur isteach ar an trácht agus ar an bpobal a mhaolú, roinnfear an clár tógála ina chéimeanna agus ina ghníomhaíochtaí tógála a dhéanfar laistigh d'fhochodanna den Scéim Bheartaithe.

Déanfar oibreacha cumasúcháin ar shaoráidí láithreacha chun spás nó rochtain a sholáthar le haghaidh na príomh-Chéime Tógála. Ar na hoibreacha cumasúcháin tá oibreacha scartála a dhéanamh, fálta a shuiteáil, fásra

a ghlanadh agus campúin láithreáin a bhunú. Ag an gcéim Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, táthar ag coinne leis go mbeidh trí champún shealadacha tógála ann feadh na Scéime Beartaithe. Beidh siad lonnaithe sna láithreacha seo a leanas:

- Bóthar Ghrianréime;
- Ospís Mhuire; agus
- Sráid Chlann Bhreasail Íochtarach.

Le linn na príomh-Chéime Tógála, glacfaidh an Conraitheoir seilbh ar an bpríomhlimistéar oibre, suiteálfaidh sé fálta, soilse agus comharthaí agus cuirfidh sé claonadh tráchta chun feidhme de réir mar is gá. Ina dhiaidh sin, glanfaidh an Conraitheoir an limistéar oibre agus leanfaidh sé le tochailt go leibhéal foirmithe. Déanfar seirbhísí adhlactha láithreacha laistigh de na limistéir thochailte a chlaonadh nó a chosaint de réir mar is gá agus suiteálfar píobáin draenála nua, duchtanna seirbhíse nua agus dúnphoill nua de réir mar is gá.

Áireofar na gníomhaíochtaí seo a leanas le tógáil na Scéime Beartaithe:

- Cosáin agus raonta rothar a thógáil agus spás bóthair a ath-leithroinnt feadh na Scéime Beartaithe;
- Fearas coimhdeach bóthair a shuiteáil, lena n-áirítear troscán sráide, comharthaí, soilse, stadanna bus (ardáin, scáthláin, meaisíní díola ticéad, TCI, scáileáin taispeána faisnéise, etc.) agus córais chumarsáide;
- Clárchosán a thógáil thar an bPoitéal ag Radharc Chnocán Argos;
- Réadmhaoin chónaithe amháin i Sráid Chlann Bhreasail Uachtarach (ar an taobh thuaidh de Dhroichead Roibeaird Emmet) a scartáil; agus
- Droichid coisithe a thógáil ar an dá thaobh de Dhroichead Roibeaird Emmet láithreach ar an gCanáil Mhór, lena n-áirítear déanmhas balla coinneála chun tacú le rampa ón droichead.

3.2.6 An Chéim Oibríochtúil

A luaithe a bheidh sí i mbun oibre, táthar ag coinne leis go mbeidh na tairbhí seo a leanas ag baint leis an Scéim Bheartaithe:

- Laghdú in agaí turais do sheirbhísí bus;
- Inrochtaineacht fheabhsaithe ar Bhaile Átha Cliath dóibh sin a bhíonn ag brath ar an iompar poiblí, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil lagú soghluaisteachta orthu;
- Thart ar 4.3 km de shaoráidí nua rothaíochta; agus
- Cosáin, siúlbhealaí agus trasrianta coisithe a bheidh feabhsaithe agus breisithe, mar aon le huasghráduithe ar an ríocht uirbeach nuair is féidir.

3.3 Éifeachtaí carnacha

Tá féidearthacht ann go dtiocfaidh éifeachtaí suntasacha carnacha ar an gcomhshaol chun cinn má dhéantar an Scéim Bheartaithe a thógáil agus a oibriú i gcomhcheangal le ceann amháin nó níos mó den 11 scéim eile a bhfuil BusConnects Bhaile Átha Cliath – Scéimeanna Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus comhdhéanta díobh agus le mórthionscadail eile bhonneagair agus forbartha.

Breithníodh na foinsí seo a leanas chun sainaithint a dhéanamh ar na tionscadail fhéideartha uile a bhféadfadh gur dhóigh dóibh tionchair shuntasacha charnacha a bheith acu ar an gcomhshaol:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – (https://webapps.dublincity.ie/swiftlg/apas/run/wphappcriteria.display) le haghaidh iarratais phleanála áitiúla;
- An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Iarratais Phleanála (https://data.gov.ie/dataset/national-planning-applications) – le haghaidh liosta in-íoslódáilte de na hiarratais phleanála arna seoladh ó Údaráis Áitiúla;
- Suíomh Gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair (https://www.nationaltransport.ie/planning-and-investment/transport-investment/projects/) – le haghaidh mionsonraí a fháil faoi mhórchláir iompair;
- Suíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála (http://www.pleanala.ie/index.htm) – chun mionsonraí a fháil faoi fhorbairtí bonneagair straitéisigh agus faoi fhorbairtí tithíochta straitéisí; agus

- An Tairseach MTT (https://www.housing.gov.ie/planning/environmental-assessment/environmental-impact-assessment-eia/eia-portal) arna cothabháil ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil – le haghaidh iarratais ar thoiliú forbartha a bhfuil Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ag gabháil leo.

Ag an gCéim Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, is iad seo a leanas na tionscadail forbartha shuntasacha eile a meastar go bhféadfadh siad forluí ar an Scéim Bheartaithe (ó thaobh ama de agus/nó ó thaobh spáis de) nó a mbeidh oibreacha i ngaireacht don Scéim Bheartaithe i gceist leo agus, dá bhrí sin, a d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha carnacha a chruthú:

- An 11 scéim eile a bhfuil BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus comhdhéanta díobh. Go háirithe, ceanglóidh an rotharbhealach as líne den Scéim Croíchonair Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach leis an scéim seo ag an acomhal idir Bóthar Chrois Araild agus Ascaill na Páirce agus ceanglóidh an Scéim Croíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach leis an scéim seo ag an acomhal idir an tSráid Nua Theas agus Sráid an Déin;
- An Clár DART+ (oibreacha tollánaithe agus oibreacha eile);
- MetroLink (go Charlemont);
- Luas Traschathrach, a bhfuil i gceist leis Acmhainn Líne Ghlas Luas a Bhreisiú – Céim 1;
- Acmhainn Líne Ghlas Luas a Bhreisiú – Céim 2;
- Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath; agus
- Thar ar ocht n-iarratas pleanála eile údaráis áitiúil ar cheadaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas iad, lena n-áirítear scéimeanna cónaithe agus forbairtí úsáide measctha.

Agus an Chéim Tógála den Scéim Bheartaithe á breithniú i gcomhcheangal le Céimeanna Tógála na dtionscadal eile atá liostaithe thuas, is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha carnacha aici. Tá tuilleadh breithniúcháin déanta i Rannán 5.13 thíos ar an measúnacht ar na héifeachtaí suntasacha carnacha ar dóigh dóibh a bheith ann.

3.4 Úsáid Acmhainní Nádúrtha, go háirithe Talamh, Ithir, Uisce agus Bithéagsúlacht

Chun an Chéim Tógála den Scéim Bheartaithe a chur i gcrích, beidh sé riachtanach úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha amhail ithir, talamh agus uisce. Féachfar sa Scéim Bheartaithe le hábhar atá tochailte ón láithreán a athúsáid nuair is féidir. Mar sin féin, beidh gá ann le hacmhainní agus ábhair (e.g. greanmheall agus coincréit, i measc nithe eile) a allmhairiú le haghaidh an Scéim Bheartaithe a thógáil agus a chothabháil. Táthar ag coinne leis go mbainfidh an Scéim Bheartaithe leas as an gcóras draenála láithreach nuair is féidir. Tá tuilleadh breithniúcháin déanta i Rannán 5.7 ar na héifeachtaí ar an timpeallacht uisce.

3.5 Táirgeadh Dramhaíola

Áireofar leis na gníomhaíochtaí tógála ábhair a thochailt laistigh den teorainn bóthair láithreach agus cóngarach di. Is dóigh go gcruthóidh na gníomhaíochtaí tógála sin dramhaíl mar thoradh ar ábhar tochailte (asfalt, coincréit, talamh réitithe agus barrithir), ar bhonneagar láithreach a scartáil agus ar ath-dhromchlú bóithre. Tríd an bpróiseas forbartha dearaidh, féachfar sa Scéim Bheartaithe le giniúint dramhaíola a sheachaint nó a íoslaghdú trí ábhar atá tochailte ón láithreán a athúsáid nuair is féidir (faoi réir é a bheith ag comhlíonadh an chaighdeáin innealtóireachta chuí). Tá tuilleadh breithniúcháin déanta i Rannán 5.11 ar uisce agus acmhainní.

3.6 Truailliú agus Núiseanna

Faoi mar atá amhlaidh i gcás aon tionscadail bonneagair den chineál seo, tá féidearthacht ann go dtiocfaidh truailliú agus cur isteach chun cinn le linn na Céime Tógála. Ar na tionchair a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibríochtúla tá éifeachtaí ar an timpeallacht uisce áitiúil (i.e. mar thoradh ar rith chun srutha), ar aercháilíocht agus ar an trácht, mar aon le núiseanna agus cur isteach amhail torann, tonnchrith agus deannach arb í an tógáil is cúis leo. Tá tuilleadh breithniúcháin déanta i Rannán 5 ar na héifeachtaí suntasacha ar dóigh dóibh a bheith ann.

3.7 An Riosca go dTiocfaidh Mórthionóiscí agus Tubaistí Chun Cinn

Leis an Treoir MTT, tugadh isteach an ceanglas chun measúnú a dhéanamh ar na *'[h]héifeachtaí ionchais a eascraíonn as leochaileacht an tionscadail i leith na rioscaí atá ábhartha don tionscadal lena mbaineann go dtiocfaidh mórthionóiscí agus/nó tubaistí chun cinn'*.

Níor leagadh aon sainmhíniú soiléir ar an téarma 'mórthionóisc agus/nó tubaiste' amach i gcomhthéacs na Treorach MTT am ar bith riamh. Tugtar na sainmhínithe seo a leanas sa doiciméad ón Institiúid um Bainistíocht agus Measúnacht Comhshaoil (IEMA) dar teideal 'Mórthionóiscí agus Tubaistí i Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta: Treoirleabhar' (an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnacht Comhshaoil, 2020):

- Tubaiste – guais nádúrtha (e.g. crith talún) nó guais de dhéantús an duine/guais sheachtrach (e.g. gníomh sceimhlitheoireachta) a d'fhéadfadh eachtra nó cás a chruthú a chomhlíonann an sainmhíniú ar mhórthionóisc;
- Mórthionóisc – eachtraí a bhagraíonn éifeachtaí tromchúiseacha láithreacha nó moillithe comhshaoil ar shláinte an duine, ar leas an duine agus/nó ar an gcomhshaol agus ar ina leith a theastaíonn úsáid a bhaint as acmhainní atá de bhreis orthu sin atá ag an gcliant nó ag a ionadaithe ceaptha. Cé nach rud a dhéantar de thaisme é rún mailíseach, is féidir go mbeidh an toradh céanna air (e.g. díráílliú traenach) agus, dá bhrí sin, beidh feidhm ag a lán beart maolaithe maidir le heachtraí a chruthaítear d'aon ghnó agus maidir le heachtraí a chruthaítear de thaisme araon; agus
- Éifeacht shuntasach ar an gcomhshaol (i dtaca le measúnacht ar mhórthionóiscí agus/nó ar thubaistí) – áirítear léi sin caillteanas beatha, díobháil bhuan agus scriosadh sealadach nó buan a dhéanamh ar ghabhdóir comhshaoil nach féidir a athchóiriú trí mhionghlanadh agus trí mhion-athchóiriú.

Tá an-tuiscint ann ar na gníomhaíochtaí tógála atá le déanamh agus déantar iad go coitianta i réigiún Bhaile Átha Cliath. Agus í i mbun oibre, is dóigh go gcruthóidh an Scéim Bheartaithe athruithe i bpatrúin tráchta agus méadú san aistriú córa iompair agus i seirbhísí iompair phoiblí.

Ní mheastar gur dóigh go dtarlódh eachtraí riosca mórthionóiscí agus/nó tubaistí arbh éard iad comhcheangal leordhóthanach riosca agus iarmharta as a dtiocfadh éifeachtaí suntasacha iarmharacha ar an gcomhshaol. Ní thiteann an Scéim Bheartaithe laistigh den chrios comhairliúcháin le haghaidh láithreán Seveso ar bith (i.e. láithreán atá faoi réir Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí), agus tá an láithreán is cóngaraí de Chiseal Uachtarach Seveso lonnaithe breis agus 3 km uaithi. Le linn na céime tógála, cuirfear pleananna bainistíochta cuí chun feidhme chun rioscaí a bhainistiú agus a íoslaghdú, mar shampla Plean Bainistíochta Timpeallachta Tógála, Plean Bainistíochta Dramhaíola Tógála agus Plean Freagartha do Theagmhais. Dá bhrí sin, is amhlaidh, ó thaobh mórthionóiscí agus tubaistí de, go meastar ag an gCéim Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nach dóigh go dtiocfaidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol chun cinn agus níl tuilleadh breithniúcháin déanta orthu i Rannán 5.

3.8 Tionchair ar Shláinte an Phobail agus ar Shláinte an Duine

Tugadh isteach leis an Treoir MTT 2014 an ceanglas atá ann breithniú a dhéanamh ar na '*héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bheidh ag tionscadal*…ar shláinte an phobail *agus ar shláinte an duine'.* D'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe tionchar a imirt ar an tsláinte mar gheall ar na héifeachtaí díreacha agus indíreacha a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála amhail torann, tonnchrith agus aercháiliocht. Áirítear leis na tionchair oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann éifeachtaí díreacha ar aercháilíocht agus ar thorann, tionchair indíreacha ar rochtain ar shaoráidí poiblí agus ar sheirbhísí pobail agus éifeachtaí dearfacha ar shláinte an phobail agus ar shláinte an duine. Tá tuilleadh breithniúcháin déanta i Rannán 5 ar na héifeachtaí suntasacha ar dóigh dóibh a bheith ann ar shláinte an duine.

4. Láthair na Scéime Beartaithe

4.1 Réamhrá

Leagtar amach i mír 2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT na critéir a bhaineann le láthair na Scéime Beartaithe atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh. Breithnítear sa rannán seo íogaireacht chomhshaoil na limistéar geografach ar dóigh go ndéanfadh an Scéim Bheartaithe difear dóibh, agus aird ar leith á tabhairt ar na nithe seo a leanas:

a) *'an úsáid talún láithreach agus an úsáid talún cheadaithe;*

b) *flúirse choibhneasta, cáilíocht agus cumas athghiniúnach na n-acmhainní nádúrtha (lena n-áirítear ithir, talamh, uisce agus bithéagsúlacht) sa limistéar agus faoina bhun agus an fháil ar na hacmhainní sin; agus*

c) *cumas ionsúcháin na timpeallachta nádúrtha, agus aird ar leith á tabhairt ar na limistéir seo a leanas:*

   (i) *bogaigh, limistéir bhruachánacha, béil abhann;*

   (ii) *criosanna cósta agus an mhuirthimpeallacht;*

   (iii) *limistéir shléibhe agus foraoise;*

   (iv) *anaclanna dúlra agus páirceanna;*

   (v) *limistéir atá aicmithe nó cosanta faoin reachtaíocht náisiúnta; limistéir Natura 2000 arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE;*

   (vi) *limistéir inar mainníodh cheana féin na caighdeáin cháilíochta comhshaoil arna leagan síos i reachtaíocht ón Aontas agus atá ábhartha don tionscadal a chomhlíonadh nó inar measadh go bhfuil mainneachtain den sórt sin ann;*

   (vii) *limistéir dhlúthdhaonra;*

   (viii) *tírdhreacha agus láithreáin lena mbaineann tábhacht stairiúil, chultúrtha nó seandálaíochta'.*

Sa rannán seo a leanas, déantar cur síos ar na mionsonraí ábhartha faoi láthair na Scéime Beartaithe bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i mír 2 d'Iarscríbhinn III. Rinneadh cur síos ar an Scéim Bheartaithe agus ar láthair na Scéime Beartaithe i Rannán 3 cheana féin.

4.2 An Úsáid Talún Láithreach agus an Úsáid Talún Cheadaithe

Rachaidh an Scéim Bheartaithe thar roinnt gabhdóirí pobail agus áineasa. Maidir leis an úsáid talún láithreach laistigh de limistéir phobail a dtrasnóidh an Scéim Bheartaithe iad nó a bhféadfaí trácht a dhíláithriú iontu mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe, is ionann í agus an cineál úsáide a fheictear de ghnáth i suíomh uirbeach ina bhfuil raon saoráidí pobail agus áineasa, mar atá sainaitheanta i Tábla 4.1.

Tábla 4.1: Cineál Gabhdóra Pobail de réir Limistéar Pobail (OSI, 2020)

Gabhdóirí Pobail agus Áineasa	Scoileanna	Ospidéal/Ionad Sláinte	Ionad Adhartha	Áineas
Teach Mealóg	4	0	2	3
Mainéar Chamaí	0	0	1	0
Tír an Iúir	7	2	6	8

Gabhdóirí Pobail agus Áineasa	Scoileanna	Ospidéal/Ionad Sláinte	Ionad Adhartha	Áineas
Ráth Garbh	5	3	9	4
Cnocán Argos	0	2	5	3
Crois Araild	3	1	1	5
Bóthar an Chlochair	4	1	3	4
Sráid Harrington	6	3	2	2
Ascaill Dhún Uabhair	3	2	4	1
Sráid San Proinsias	5	0	3	2
Sráid na mBráithre Bána	2	1	6	0
Sráid na Mí agus Cé na gCeannaithe	6	1	6	6
Iomlán	45	16	48	38

Mar atá sainaitheanta i Tábla 4.1, áirítear iad seo a leanas leis na gabhdóirí pobail suntasacha atá suite feadh na Scéime Beartaithe agus a mheallann líon mór úsáideoirí:

- Teach Altranais Príobháideach Naomh Gladys, Cnocán Argos;
- Páirc Chrois Araild, Crois Araild;
- Ospís Mhuire, Bóthar Chrois Araild; agus
- Scoil Náisiúnta Chlochar Naomh Clár, Crois Araild.

Is chun críocha cónaithe a úsáidtear an chuid is mó den talamh atá cóngarach don Scéim Bheartaithe. Tá an chuid is mó den Scéim Bheartaithe comhdhéanta de thithe agus d'áitribh thráchtála bheaga. Tá roinnt áitreabh tráchtála comhchruinnithe ar Bhóthar Chamaí Íochtarach, áit a nascann sé le Bóthar Ghrianréime agus le Bóthar Chrois Araild. De réir mar a dhruideann an Scéim Bheartaithe isteach le Lár na Cathrach, agus de mar a thrasnaíonn sí an Chanáil Mhór go háirithe, éiríonn an limistéar níos uirbí ó thaobh carachtair de agus tá sciar méadaithe réadmhaoine tráchtála le fáil feadh an bhealaigh.

Tá an líon is mó gabhdóirí tráchtála suite ar Shráid na Mí agus ar Ché na gCeannaithe. Tá Eastát Tionscail an Chnocáin Ghlais agus Eastát Tionscail KCR i measc na bpríomh-lárionad fostaíochta atá suite i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe.

Maidir leis an úsáid talún láithreach agus an úsáid talún cheadaithe, is é an toradh a bheidh ar an Scéim Bheartaithe go leanfar den úsáid talún láithreach mar chonair iompair, rud a rachaidh trí roinnt gabhdóirí nó i ndlúthghaireacht dóibh. Áirítear leo sin lárionaid chónaithe, tionscail agus tráchtála/fostaíochta agus taitneamhachtaí turasóireachta.

4.3 Flúirse, Cáilíocht agus Cumas Athghiniúnach Acmhainní Nádúrtha

Meastar go n-áirítear le hacmhainní nádúrtha ithir, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. Beidh an Scéim Bheartaithe lonnaithe feadh conair iompair láithreach atá nasctha le hacmhainní nádúrtha faoi láthair tríd an mbonneagar láithreach. Táthar ag coinne leis go mbainfidh an Scéim Bheartaithe leas as an gcóras draenála láithreach, nuair is féidir.

Trasnóidh an Scéim Bheartaithe Limistéar beartaithe Oidhreachta Nádúrtha na Canálach Móire agus an Poitéal, atá nasctha go hidreolaíoch le dobharlaigh le sruth amhail Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile

Átha Cliath Theas agus na Tulchann. Tá mionsonraí faoi stádas na ndobharlach sin tugtha i Tábla 4.2, ina léirítear go bhfuil an Poitéal i mbaol gan stádas 'maith' a bhaint amach faoin gCreat-treoir Uisce[2] faoin mbliain 2027.

4.4 Cumas Ionsúcháin Acmhainní Nádúrtha

Breithnítear sa rannán seo an timpeallacht nádúrtha mar atá leagtha amach i mír 2(c) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú) agus mar atá sainaitheanta i Rannán 4.1 thuas.

Beidh an Scéim Bheartaithe Ionnaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath, ar limistéar dlúthdhaonra í, agus rithfidh sí feadh conair iompair sheanbhunaithe idir Baile Átha Cliath Theas agus Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá na sruthchúrsaí agus na dobharlaigh atá sainaitheanta i Tábla 4.2 suite laistigh de 500 m ón Scéim Bheartaithe. Tugtar le fios sna mapaí ó Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil ardbhaol dobharthuile ann ag láithreacha éagsúla feadh na Scéime Beartaithe, lena n-áirítear ag Eastát Tithíochta Chnocán Argos, Páirc Chnocán Argos, Bóthar Ghrianréime, Páirc an Phoitéil agus Crois Araild.

Tábla 4.2: Stádas faoin gCreat-treoir Uisce

Sruthchúrsa	Fo-dhobharcheantar faoin gCreat-treoir Uisce	Uimhir Aitheantais an Dobharlaigh	Modhnaithe go Mór?	Cineál	Stádas (2013 go 2018)	Príomhbhrúnna: Gnéithe a Fhágann, nó a d'Fhéadfadh a Fhágáil, go bhfuil an Stádas Níos Measa ná Stádas Maith	Catagóir Riosca
An Poitéal	Dodder_SC_010	Poddle_010	Ní heol	Abhainn	Neamh-shannta	Rith uirbeach chun srutha; Hidreamhoirfeolaíocht	Tá an sruth-chúrsa seo i mbaol
An Chanáil Mhór	N/B	Príomhlíne na Canálach Móire (an Life agus Cuan Bhaile Átha Cliath)	Tá – dobharlach saorga	Canáil	Dea-acmhainn éiceolaíoch	N/B	Níl an sruth-chúrsa seo i mbaol

Beidh an Scéim Bheartaithe Ionnaithe i ngaireacht do na láithreáin chosanta éiceolaíocha agus gheolaíocha atá sainaitheanta i dTábla 4.3.

Tábla 4.3: Láithreáin Ainmnithe

Cineál Ainmniúcháin	Láithreán Ainmnithe
Limistéar beartaithe Oidhreachta Nádúrtha	An Chanáil Mhór
Láithreán Geolaíoch Contae	An Poitéal

Uasghrádóidh an Scéim Bheartaithe conair iompair sheanbhunaithe láithreach, agus í ag dul trí thírdhreach an-fhorbartha fo-uirbeach agus uirbeach. Tá roinnt taifead séadchomhartha réigiúnach agus sceidealaithe suite laistigh de 50 m ón Scéim Bheartaithe, mar atá sainaitheanta i

Tábla 4.4.

[2] De réir Chreat-treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (arna leasú))

Tábla 4.4: Taifid Séadchomhartha

Uimh. RMP/SMR	Ainm/Cineál	Baile Fearainn/Seoladh Sráide	ITM
DU018-043004	Sruthchúrsa	An Poitéal - Bóthar Chamaí Íochtarach/Bealach Chnocán Argos	714511, 731773
DU018-043003	Cora - rialú	An Poitéal (Bealach Chnocán Argos)	713915, 731387
DU022-078	Láithreán muilinn ghaoithe	An Poitéal, Cromghlinn	713565, 731014
DU022-077001	Láithreán muilinn	An Poitéal, Cromghlinn	713662, 731212
DU022-077002	Láithreán linne muilinn	An Poitéal, Cromghlinn	713662, 731212
DU018-050	Lonnaíocht	Crois Araild	714653, 731859
DU018-050001	Láithreán chrann Bhealtaine	Páirc Chrois Araild	714653, 731864
DU018-050002	Muileann uisce - neamhaicmithe	Páirc Chrois Araild	714653, 731859
DU018-050004	Croch	Páirc Chrois Araild	714651, 731851
DU018-048002	Muileann - neamhaicmithe	Ospís Mhuire	714562, 732165
DU018-020200	Taifead iomarcach	Sráid Chaoimhín Uachtarach	N/B
DU018-020360	Teach – 18ú/19ú haois	An tSráid Nua Theas	715019, 733247
DU018-020404	Taifead iomarcach	Sráid Chaoimhín Uachtarach	N/B
DU018-020399	Muileann – neamhaicmithe	An t-acomhal idir Sráid Chaoimhín agus an tSráid Nua Theas	715049, 733439
DU018-020041	Láithreán droichid	An t-acomhal idir Sráid Phádraig agus Sráid Chaoimhín	715046, 733460
DU018-020355	Taifead iomarcach	Sráid Chaoimhín Uachtarach	N/B
DU018-020197	Láithreán droichid	An t-acomhal idir Sráid Phádraig agus Sráid Chaoimhín	715031, 733472
DU018-020199	Teach – meánaoiseach	An tSráid Nua Theas	715076, 733381
DU018-020625	Taifead iomarcach	An tSráid Nua Theas	N/B
DU018-020108	Láithreán caisleáin	Sráid Phádraig	715054, 733471
DU018-020405	Teach – dáta neamhchinntithe	Sráid Chaoimhín Uachtarach	715084, 733456
DU018-020800	Coláiste	Sráid Phádraig	715057, 733492
DU018-020111	Coláiste	Clós Phádraig	715092, 733488
DU018-020113	Áras eaglasta	Sráid Chaoimhín Uachtarach	715144, 733445
DU018-020118	Teach – meánaoiseach	Clós Phádraig	715188, 733465
DU018-020109	Teach – meánaoiseach	Sráid Chaoimhín Uachtarach	715150, 733393
DU018-020123	Piolóid	Sráid Chaoimhín Uachtarach	715205, 733419
DU018-020383	Príosún	Sráid Chaoimhín Uachtarach	715217, 733410
DU018-020128	Láithreán croise	Sráid Bhríde Nua (ag an gcúinne le Sráid Chaoimhín)	715263, 733371
DU018-020195	Teach – meánaoiseach	Sráid Bhríde Nua	715282, 733321

Uimh. RMP/SMR	Ainm/Cineál	Baile Fearainn/Seoladh Sráide	ITM
DU018-020101	Foirgneamh	Sráid Phádraig	715059, 733498
DU018-020603	Teanús	An t-acomhal idir Sráid Phádraig agus Sráid an Déin	715015, 733506
DU018-020602	Láithreán tionsclaíoch	An t-acomhal idir Sráid Phádraig agus Sráid an Déin	715015, 733515

Bunaithe ar an suirbhé foirgneamh a rinne Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) ar Bhaile Átha Cliath (NIAH, 2020a), tá 88 gcinn de dhéanmhais nó de láithreáin suite laistigh de thimpeallacht glactha na Scéime Beartaithe, i dteannta na séadchomharthaí taifeadta agus na ndéanmhas cosanta atá sainaitheanta i

Tábla 4.4.

Cé nach mbreithnítear go follasach í i gceanglais Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú), breithnítear aercháilíocht laistigh den Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta toisc go bhféadfadh laghduithe ar aercháiliocht tionchar a imirt ar ghabhdóirí daonna agus ar ghnáthóga araon. Mar chuid de chur chun feidhme na Rialachán um Chaighdeáin Aercháilíochta, 2011 (arna leasú) (I.R. Uimh. 180 de 2011), rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceithre chrios aercháiliochta a shainiú in Éirinn chun críocha bainistíochta agus measúnachta aercháiliochta. Tá Baile Átha Cliath sainithe mar Chrios A agus, tríd is tríd, tá an aercháiliocht ar chaighdeán maith. I bhformhór na gcásanna, bhí treochtaí fadtéarmacha Dé-ocsaíde Nítrigine (NO_2) faoi bhun na luachanna teorann bliantúla agus luachanna teorann aon uaire araon. Rinneadh faireachán leanúnach ar Ábhar Cáithníneach (PM_{10} agus $PM_{2.5}$) ag roinnt de na stáisiúin faireacháin agus léirítear sna sonraí fadtéarmacha go bhfuil na figiúirí cobhsaí nó ag dul i laghad, tríd is tríd.

Maidir le NO_2, athbhreithníodh sonraí ón bhfaireachán leanúnach a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag láithreacha atá suite i ndlúthghaireacht don Scéim Bheartaithe (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2019). Is leor na sonraí atá ar fáil le haghaidh stáisiúin faireacháin fho-uirbeacha i mBaile Formaid, i Sord, i Ráth Maonais agus i nDún Laoghaire chun treochtaí fadtéarmacha a bhreathnú thar an tréimhse 2015 go 2019. Bhí an mheántiúchan bhliantúil sa raon idir 13 µg/m^3 agus 22 µg/m^3 ag gach láthair idir na blianta 2015 agus 2019, i gcomparáid le luach teorann bliantúil 40 µg/m^3 sa bhliain 2019. Níor sáraíodh luach teorann aon uaire, mar atá 200 µg/m^3, in aon chás sa bhliain sin ach oiread.

4.5 Achoimre ar na Gnéithe den Timpeallacht Nádúrtha

Tá achoimre déanta i Tábla 4.5 ar na gnéithe den timpeallacht nádúrtha.

Tábla 4.5: Achoimre ar Acmhainní Nádúrtha

Iarscríbhinn III (2c) a ghabhann leis an Treoir MTT (arna leasú)	Achoimre
Bogaigh, limistéir bhruachánacha, béil abhann	Trasnóidh an Scéim Bheartaithe an Chanáil Mhór agus an Poitéal.
Criosanna cósta agus an mhuirthimpeallacht	Tá Cuan Bhaile Átha Cliath ar an muirthimpeallacht is gaire, agus é lonnaithe thart ar 4 km soir ón Scéim Bheartaithe.
Limistéir shléibhe agus foraoise	Níl aon limistéir shléibhe ná limistéir foraoise ar eolas ann.
Anaclanna dúlra agus páirceanna	Is Limistéar beartaithe Oidhreachta Nádúrtha ar eolas í an Chanáil Mhór. Tá an Scéim Bheartaithe cóngarach do Pháirc Ghleann na bhFiach, do Pháirc an Phoitéil, do Pháirc Chnocán Argos agus do Pháirc Chrois Araild.
Limistéir atá aicmithe nó cosanta faoin reachtaíocht náisiúnta; limistéir Natura 2000 arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE	Tá na Láithreáin Ainmnithe AE seo a leanas lonnaithe laistigh de thart ar 4 km ón Scéim Bheartaithe feadh chósta thoir Chathair Bhaile Átha Cliath:

	Limistéir Chosanta Speisialta: Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Oileán an Bhulla. Limistéir Chaomhantais Speisialta: Cuan Bhaile Átha Cliath Theas, Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Ceann Bhinn Éadair, Cloch Dábhiolla go hOileán Dheilginse.
Limistéir inar mainníodh cheana féin na caighdeáin cháilíochta comhshaoil arna leagan síos i reachtaíocht ón Aontas agus atá ábhartha don tionscadal a chomhlíonadh nó inar measadh go bhfuil mainneachtain den sórt sin ann	Tá an Poitéal (Poddle_010) i mbaol gan stádas Maith a bhaint amach faoin mbliain 2027:
Limistéir dhlúthdhaonra	Tá an Scéim Bheartaithe lonnaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath agus tá bealach fada líneach aici go Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath.
Tírdhreacha agus láithreáin lena mbaineann tábhacht stairiúil, chultúrtha nó seandálaíochta	Tá roinnt sócmhainní oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha suite feadh na Scéime Beartaithe. Áirítear leo sin séadchomharthaí, foirgnimh Oidhreachta Ailtireachta agus Déanmhais Chosanta.
Eile - Aercháiliocht	Tá an aercháiliocht i mBaile Átha Cliath ar chaighdeán maith, tríd is tríd, agus tá treochtaí fadtéarmacha faoi bhun na luachanna teorann. Sa chomhthéacs áitiúil timpeall ar an Scéim Bheartaithe, tá treochtaí aercháiliochta faoi bhun na luachanna teorann le haghaidh PM10 agus PM2.5 agus le haghaidh NO2.

5. Cur Síos ar na hÉifeachtaí Suntasacha ar Dóigh Dóibh a Bheith Ann

5.1 Réamhrá

Sa Rannán seo den Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, déantar cur síos ar na héifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim Bheartaithe le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla. Maidir leis na héifeachtaí suntasacha ar dóigh dóibh a bheith ann, mar atá sainaitheanta sa rannán seo, tugadh aird iontu, nuair ab ábhartha, ar na torthaí atá ar fáil ó mheasúnachtaí ábhartha eile ar éifeachtaí ar an gcomhshaol, lenar áiríodh Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta, Measúnachtaí Cuí agus Measúnachtaí Straitéiseacha Riosca Tuile. Ina theannta sin, breithnítear i Rannán 5.13 na héifeachtaí suntasacha carnacha ar dóigh dóibh a bheith ann le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla i gcomhcheangal le tionscadail forbartha eile.

5.2 Trácht agus Iompar

Tá an Scéim Bheartaithe deartha chun modhanna taistil inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht agus taisteal de bhus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr príobháideach. Mar thoradh ar shaintréithe na Scéime Beartaithe, tarlóidh sé, i gcásanna áirithe, go ndéanfar an spás bóithre do charranna príobháideacha a ath-leithroinnt lena úsáid chun modhanna inbhuanaithe a sholáthar. Cé go gcuirfidh na saintréithe sin leis na mórthionchair dhearfacha chomhshaoil, mar gheall ar an méadú ar sciar an iompair phoiblí agus ar sciar na modhanna taistil ghníomhaigh (siúl agus rothaíocht) araon, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha teacht chun cinn feadh na Scéime Beartaithe agus feadh na mbóithre atá timpeall uirthi mar thoradh ar ath-leithroinnt an spáis bóithre láithrigh, mar thoradh ar laghdú ar acmhainn agus mar thoradh ar athdháileadh an tráchta le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe agus le linn Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe araon.

D'fhéadfadh Céim Tógála na Scéime Beartaithe tionchar a bheith aici ar ghnáthghníomhaíochtaí taistil daoine. D'fhéadfadh claonadh sealadach tráchta agus, i gcásanna áirithe, dúnadh sealadach lánaí agus bóithre a bheith ag teastáil chun gur féidir tabhairt faoi na gníomhaíochtaí tógála atá riachtanach chun an Scéim Bheartaithe a chríochnú. D'fhéadfaí acmhainn tráchta a laghdú freisin de bharr claonadh sealadach tráchta agus dúnadh sealadach bóithre. Ina theannta sin, beidh sé riachtanach ábhar tochailte a bhaint agus ábhair thógála a sheachadadh araon le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe. Fágfaidh sé sin go mbeidh gluaiseacht feithiclí earraí troma ann a d'fhéadfadh plódú a mhéadú. Toradh eile a d'fhéadfadh a bheith ag an tógáil is ea claonadh agus dúnadh sealadach cosán. D'fhéadfadh sé sin tionchar diúltach sealadach a bheith aige ar an rochtain ar thaitneamhachtaí áitiúla amhail stadanna bus, pointí trasnaithe tráchta, áiteanna cónaithe príobháideacha agus gnólachtaí. D'fhéadfadh na tionchair a thiocfaidh chun cinn le linn na Céime Tógála éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith acu.

Le linn na Céime Oibríochtúla, beidh feabhsuithe ann ar shaoráidí rothaíochta, siúil agus iompair phoiblí mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe. Is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha dearfacha buana aici i limistéir áirithe freisin, lena n-áirítear ar shláinte an phobail agus ar shláinte an duine. Mar sin féin, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar ath-leithroinnt an spáis bóithre ná athruithe ar phatrúin tráchta, athdháileadh tráchta, agus laghdú ar an soláthar páirceála agus luchtaithe feadh na Scéime Beartaithe. D'fhéadfadh na nithe sin éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith acu.

5.3 Aercháiliocht

D'fhéadfadh astaíochtaí isteach san aer le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibríochtúla difear a dhéanamh do ghabhdóirí íogaire (gabhdóirí daonna agus éiceolaíocha) atá suite laistigh de gharchomharsanacht na Scéime Beartaithe agus níos faide i gcéin uaithi araon.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála amhail claonadh fóntas, tochailt bóithre agus oibreacha ath-dhromchlaithe bóithre deannach agus astaíochtaí cáithníneacha a chruthú, a bhféadfadh an ghaoth agus aimsir thirim iad a dhéanamh níos measa fós. D'fhéadfadh astaíochtaí deannaigh éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith acu, go háirithe ar úsáideoirí bóithre agus ar ghabhdóirí íogaire atá cóngarach do láithreáin agus campúin

tógála. D'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith ann ar aercháiliocht de bharr astaíochtaí ó fheithiclí mar thoradh ar chlaonadh tráchta freisin.

Is le hathruithe ar phatrúin tráchta a bhaineann na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar aercháiliocht le linn na Céime Oibríochtúla. Samplaí díobh sin is ea na tionchair a bheidh ann de bharr lána bus nua a thabhairt isteach nó de bharr lánaí bus nó tráchta a bhogadh níos gaire do ghabhdóirí íogaire. D'fhéadfadh athruithe buana a bheith ann ar phatrúin tráchta feadh na Scéime Beartaithe le linn na Céime Oibríochtúla. Ag brath ar mhéid agus cineál na n-athruithe sin, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha buana (idir éifeachtaí dearfacha agus éifeachtaí diúltacha) a bheith ann ar aercháiliocht ag gabhdóirí íogaire feadh na Scéime Beartaithe agus feadh na nasc bóthair atá cóngarach di.

5.4 Torann agus Tonnchrith

Is féidir le torann agus tonnchrith a bheith ina gcúis le cur isteach ag gabhdóirí íogaire. Mar gheall ar chomhthéacs uirbeach na Scéime Beartaithe, áirítear le gabhdóirí atá íogair i leith torainn agus tonnchreatha foirgnimh (forbairtí cónaithe, leighis agus oideachais) agus úsáideoirí bóithre atá i ngarchomharsanacht na teorann bóthair láithrí. Áirítear iad seo a leanas leis na láithreacha atá íogair i leith torainn atá suite cóngarach don Scéim Bheartaithe nó ar a feadh: Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817; Bóthar Chamaí Thiar/an R818; Bóthar Chrois Araild/an R137; Sráid Chlann Bhreasail Íochtarach agus Uachtarach agus Sráid Lombard Thiar/an R137; an tSráid Nua Theas/an R137; Páirc an Phoitéil; Páirc Ghleann na bhFiach; Cearnóg Chnocán Argos; agus Ascaill an Chnocáin Ghlais.

Úsáidfear cineálacha éagsúla gléasra tógála lena n-astaítear torann agus tonnchrith le linn na tógála. Áireofar leo sin tochaltóirí, trealamh ardaithe agus dumpairí. Ina theannta sin, d'fhéadfaí na critéir thorainn tógála a shárú ag na campúin bheartaithe tógála ar Bhóthar Ghrianréime agus ag Ospís Mhuire, atá suite i ngaireacht do roinnt láithreacha atá íogair i leith torainn. Cé gur gníomhaíochtaí sealadacha a bheidh sna gníomhaíochtaí tógála, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith aici, go háirithe le linn diantréimhsí tógála amhail ath-dhromchlú bóithre.

Le linn na Céime Oibríochtúla, d'fhéadfadh athruithe ar phatrúin tráchta teacht as an Scéim Bheartaithe de bharr an carrbhealach a athchumrú. D'fhéadfadh na hathruithe sin tarlú feadh na Scéime Beartaithe agus feadh na nasc bóthair atá cóngarach di. Ag brath ar mhéid agus cineál na n-athruithe sin, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha buana (idir éifeachtaí dearfacha agus éifeachtaí diúltacha) a bheith ann ag gabhdóirí atá íogair i leith torainn.

5.5 Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine

Is é an toradh a bheidh ar an Scéim Bheartaithe go leanfar de chonair iompair láithreach a úsáid. Áirítear le gabhdóirí íogaire ó thaobh an duine de na saoráidí cónaithe, pobail agus áineasa agus na forbairtí tráchtála (tailte láithreacha gnó agus forbartha), oideachais agus leighis atá suite feadh na Scéime Beartaithe.

Le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe, d'fhéadfadh campún tógála a bheith lonnaithe ag Ospís Mhuire, rud a theastódh tógáil talún. D'fhéadfadh cur isteach a bheith ann ar an trácht feadh Bhóthar Chrois Araild freisin, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar bhóthar rochtana na hOspíse. Is dóigh go mbeidh éifeachtaí an-suntasach sealadacha aige sin, mar gheall ar na tionchair a bheidh ann ar dhaoine an-soghonta. Ar fud na Scéime Beartaithe, is dóigh go mbeidh ag méaduithe tráchta le linn na Céime Tógála éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha mar gheall ar leibhéil mhéadaithe struis agus chur isteach, go háirithe ar úsáideoirí soghonta bóithre agus ar dhaoine den phobal a chónaíonn nó a oibríonn sa limistéar nó a dhéanann comaitéireacht tríd an limistéar.

Le linn na Céime Tógála, d'fhéadfadh tógáil talún shealadach a bheith ag teastáil ag roinnt réadmhaoine cónaithe, pobail agus tráchtála atá suite feadh na Scéime Beartaithe. Is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha sealadacha aige sin ar ghabhdóirí íogaire mar gheall ar oibreacha tógála a bheith ar siúl i ndlúthghaireacht dóibh. D'fhéadfadh tógáil talún bhuan a bheith ag teastáil ag roinnt réadmhaoine cónaithe agus pobail atá suite feadh na Scéime Beartaithe freisin agus d'fhéadfadh gur ghá réadmhaoin chónaithe amháin atá suite i ngar do Dhroichead Roibeaird Emmet ar Shráid Chlann Bhreasail Uachtarach a scartáil. D'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha buana a bheith ag na nithe sin.

Le linn Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe, méadófar iontaofacht iompair phoiblí, laghdófar agaí turais ar an iompar poiblí agus cuirfear feabhas ar shaoráidí do choisithe agus do rothaithe. D'fhéadfadh na tairbhí oibríochtúla sin éifeacht shuntasach dhearfach bhuan a bheith acu ar an bpobal áitiúil trí rochtain a fheabhsú ar shaoráidí siúil agus rothaíochta agus trí shábháilteacht a mhéadú d'úsáideoirí soghonta bóithre. Mar sin féin, d'fhéadfadh athruithe ar phatrúin tráchta teacht as an Scéim Bheartaithe, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar luach taitneamhachta. D'fhéadfadh na hathruithe sin a bheith ina gcúis le héifeachtaí suntasacha (idir éifeachtaí dearfacha agus éifeachtaí diúltacha) ar dóigh dóibh a bheith buan.

5.6 Bithéagsúlacht

Tá an Scéim Bheartaithe lonnaithe i ngaireacht do roinnt dobharlach. Is iad seo a leanas na láithreáin ainmnithe AE is gaire, agus iad lonnaithe ar an taobh thoir den Scéim Bheartaithe:

- Limistéir Chosanta Speisialta: Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Oileán an Bhulla; agus
- Limistéir Chaomhantais Speisialta: Cuan Bhaile Átha Cliath Theas, Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Níltear ag coinne le haon tionchair dhíreacha ar láithreáin ainmnithe AE. D'fhéadfadh tionchair indíreacha a bheith ann de bharr nascacht hidreolaíoch idir an Scéim Bheartaithe agus na láithreáin ainmnithe AE. Mar shampla, dá mba rud é go dtitfeadh eachtra truailliúcháin amach, go dtabharfaí speicis ionracha isteach nó go mbeadh aon athruithe ann ar an gcóras hidreolaíoch le linn na Céime Tógála, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha (idir thionchair shealadacha agus thionchair bhuana) a bheith ann ar ghnáthóga uisceacha/bogaigh le sruth.

Maidir leis na láithreáin ainmnithe AE atá ábhartha don Scéim Bheartaithe, tá siad ainmnithe do speicis lena mbaineann Leas Caomhantais Speisialta agus a théann ar thóir foráiste nó ar an bhfara ag roinnt láithreán intíre atá suite i ngaireacht don Scéim Bheartaithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an ghníomhaíocht tógála a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe cur isteach ar phobail lena mbaineann Leas Caomhantais Speisialta nó iad a easáitiú, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar speicis lena mbaineann Leas Caomhantais Speisialta.

Déanfar an mheasúnacht ar na héifeachtaí suntasacha ar dóigh dóibh a bheith ann ar láithreáin ainmnithe a bhreithniú tuilleadh sa Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Chuí agus sa Ráiteas Tionchair Natura, ar nithe iad a chuirfear isteach mar chuid den iarratas ar thoiliú forbartha.

Beidh oibreacha ag teastáil cóngarach don Phoitéal chun an clárchosán coisithe a thógáil. Beidh oibreacha ag teastáil laistigh den Chanáil Mhór chun dhá dhroichead coisithe a thógáil ag Droichead Roibeaird Emmet freisin (mar atá pléite thíos). Le linn na Céime Tógála, d'fhéadfadh rith uisce éillithe nó an-siolta dromchla chun srutha, scaoileadh caidéil agus/nó eachtra doirte nó truailliúcháin de thaisme ar dá barr a scaoileadh ábhar isteach sna sruthchúrsaí éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith acu ar cháilíocht uisce agus, mar thoradh air sin, ar ghnáthóga uisceacha. D'fhéadfadh an ghníomhaíocht tógála a bhaineann leis na déanmhais sin damáiste a dhéanamh d'fhána uisceach agus tionchair ghearrthéarmacha a imirt ar speicis bhruachánacha éin, go háirithe dá ndéanfaí aon ghníomhaíocht le linn shéasúr goir na n-éan. D'fhéadfadh aon ghníomhaíocht den sórt sin éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith aici.

D'fhéadfadh speicis ionracha neamhdhúchasacha plandaí a bheith ann feadh na Scéime Beartaithe nó i ngaireacht di. Le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibríochtúla, d'fhéadfadh bainistíocht agus cothabháil na Scéime Beartaithe speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a leathadh, rud a bhainfeadh an bonn de chuspóirí caomhantais na láithreán ainmnithe AE le sruth agus a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha (idir éifeachtaí sealadacha agus éifeachtaí buana) a bheith aige ar ghnáthóga láithreacha.

5.7 Uisce

Leagfar pílí sa bhruach abhann le linn clárchosán a thógáil thar an bPoitéal ag Radharc Chnocán Argos. D'fhéadfadh sé sin éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith aige ar an mbruach abhann, cé nach mbeidh oibreacha ag teastáil sa dobharlach féin.

Ag na campúin bheartaithe tógála ar Bhóthar Ghrianréime agus ar Shráid Chlann Bhreasail Íochtarach, tá baol ann go ndoirtfear breoslaí nó ceimiceáin isteach i ndraenacha uisce dromchla, rud a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith aige ar na dobharlaigh atá nasctha leis na draenacha sin. Tá sé beartaithe tabhairt faoi mhóroibreacha ar an droichead thar an gCanáil Mhór, agus iad ag baint le droichid coisithe a thógáil ar an dá thaobh de Dhroichead Roibeaird Emmet láithreach, ar ina leith a bheidh oibreacha ionsrutha ag teastáil. D'fhéadfadh na hoibreacha sin tionchar a bheith acu ar an gCanáil Mhór, mar shampla trí ualaí dríodair a mhéadú nó trí chonair éilliúcháin a thabhairt isteach idir an Scéim Bheartaithe agus an Chanáil Mhór. D'fhéadfadh na nithe sin éifeachtaí suntasacha diúltacha (idir éifeachtaí sealadacha agus éifeachtaí buana) a bheith acu.

Le linn na Céime Oibríochtúla, d'fhéadfadh na limistéir mhéadaithe chruastad méadú a dhéanamh ar ráta an reatha truailleán agus ualaí dríodair ó bhóithre leathnaithe chun srutha, agus cáilíocht uisce á laghdú dá bharr. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh an rith méadaithe chun srutha cur isteach ar leaba abhann agus bruacha abhann na sruthchúrsaí cóngaracha nó iad a athrú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Céim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe éifeachtaí suntasacha diúltacha (idir éifeachtaí sealadacha agus éifeachtaí buana) a bheith aici ar na sruthchúrsaí atá nasctha go hidreolaíoch leis an Scéim Bheartaithe.

5.8 Talamh, Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

Tá formhór na n-ithreacha i gCathair Bhaile Átha Cliath aicmithe mar 'thalamh réitithe', áit a bhfuil limistéir sil-leaganacha gláracha, inbhearacha agus muirí i láthair. D'fhéadfadh na sil-leaganacha sin a bheith bainteach le dobharlaigh a bhí ann le déanaí nó le dobharlaigh ársa. Is é atá faoi bhun na Scéime Beartaithe ná uiscíoch lena mbaineann tábhacht áitiúil agus nach mbíonn ach measartha táirgiúil i gcriosanna áitiúla. Cumhdaíonn 'Foirmíocht Leamhcáin' (ar a dtugtar 'Calp' sa limistéar áitiúil) an chuid is mó den bhuncharraig. Tá éagsúlacht ann maidir le leochaileacht an screamhuisce, agus í sa raon idir 'thar a bheith leochaileach' i limistéir ina bhfuil an bhuncharraig suite ar an dromchla nó i ngar dó agus 'beagáinín leochaileach' i limistéir ina bhfuil sil-leagan tiubh fo-ithreach i láthair. Mar gheall ar a chineál uirbeach, d'fhéadfadh foinsí éilliúcháin a bheith ann laistigh den talamh réitithe.

Beidh sé riachtanach an talamh réitithe láithreach agus an foghrád láithreach a thochailt le linn gníomhaíochtaí tógála. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin conairí a chruthú idir éilleáin ón talamh réitithe láithreach agus na hacmhainní áitiúla timpeallachta agus screamhuisce, ar conairí iad a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha (idir éifeachtaí sealadacha agus éifeachtaí buana) a bheith acu.

Le linn na Céime Oibríochtúla, d'fhéadfaí ithreacha agus geolaíocht a thruailliú de bharr doirteadh de thaisme ar an mbóthar, rud a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha agus éifeachtaí suntasacha diúltacha buana araon a bheith aige.

5.9 Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha

Rachaidh an Scéim Bheartaithe trí limistéar ina bhfuil roinnt déanmhas cosanta, séadchomharthaí náisiúnta, láithreán lena mbaineann fiúntas oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha, limistéar caomhantais seandálaíochta agus limistéar caomhantais. Tá roinnt taifead/sócmhainní oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha suite feadh na Scéime Beartaithe.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála amhail tochailt tionchar díreach a imirt ar shócmhainní oidhreachta agus d'fhéadfadh siad tionchar indíreach a imirt ar chreatlach agus suíomh sócmhainní oidhreachta.

Áirítear leis na tionchair dhíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann cur isteach ar chúirtealáiste aon sócmhainne oidhreachta (e.g. boscaí poist, colbhaí agus clocha colbha stairiúla a bhaint nó a athlonnú) agus cur isteach ar iarsmaí seandálaíochta faoi bhun na talún. Teastóidh ón Scéim Bheartaithe idirghabháil ar Dhroichead Roibeaird Emmet ar an gCanáil Mhór chun cabhrú le droichid coisithe a shuiteáil. D'fhéadfadh an idirghabháil sin éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith aici ar Dhroichead Roibeaird Emmet. Ar Bhealach Chnocán Argos, tá cora ar a dtugtar an 'Bád Cloiche' lonnaithe faoi bhun an chlárchosáin bheartaithe. Cé nach mbeidh aon oibreacha ann ar an gcora féin, tabharfar faoi oibreacha ar an mbruach abhann atá cóngarach di. D'fhéadfadh na hoibreacha sin éifeachtaí suntasacha diúltacha buana a bheith acu.

D'fhéadfaí gnéithe seandálaíochta nárbh eol roimhe sin a aimsiú faoi bhun na talún le linn na n-oibreacha tógála feadh na Scéime Beartaithe agus ag na trí champún bheartaithe tógála. D'fhéadfadh sé sin éifeachtaí suntasacha diúltacha buana a bheith aige ar ghnéithe seandálaíochta, amhail iad sin a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas agus na criosanna acmhainneachta seandálaíochta a bhaineann leo: an Sruthchúrsa Cathrach Meánaoisí; lonnaíochtaí stairiúla Chrois Araild; agus Cathair Stairiúil Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na hoibreacha briseadh talún ar Shráid Chlann Bhreasail agus ar an tSráid Nua a bheith i gcomharsanacht láthair thaifeadta cosaintí féideartha cathrach meánaoisí – ballaí, túir agus geataí ina measc – a meastar gur Séadchomhartha Náisiúnta iad. D'fhéadfadh sé sin éifeachtaí suntasacha diúltacha buana a bheith aige ar aon chodanna atá fágtha faoi bhun na talún de chosaintí Chathair Bhaile Átha Cliath.

Áirítear leis na tionchair indíreacha infheictheacht agus tionchar na ngníomhaíochtaí tógála agus na mballaí clár i gcomharsanacht séadchomharthaí stairiúla agus gnéithe eile den oidhreacht ailtireachta, athruithe ar phatrúin tráchta agus claonadh tráchta, agus méadú ar ghluaiseacht feithiclí earraí troma. Ós rud é go mbeidh an Scéim Bheartaithe lonnaithe i limistéar ina bhfuil líon mór sócmhainní oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha, d'fhéadfadh an tógáil éifeachtaí suntasacha diúltacha buana a bheith aici.

Le linn na Céime Oibríochtúla, tiocfaidh as an Scéim Bheartaithe athruithe laistigh den teorainn bóthair, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an ómós áite. D'fhéadfadh tionchair oibríochtúla éifeachtaí suntasacha diúltacha buana a bheith acu ar shuíomh sócmhainní oidhreachta ailtireachta agus cultúrtha.

5.10 Éifeachtaí Tírdhreacha (Bailedhreacha) agus Amhairc

Tá an Scéim Bheartaithe lonnaithe laistigh de limistéar foirgnithe láithreach ina bhfuil úsáidí talún éagsúla, idir bhruachbhailte cónaithe, fhorbairtí cónaithe ardstóracha ionchathrach, agus úsáidí talún tionsclaíocha, áineasa agus tráchtála.

D'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha bailedhreacha agus amhairc a bheith ann le linn na tógála de bharr na gníomhaíochta tógála i gcoitinne, de bharr crainn a bhaint, de bharr na dtionchar ar theorainneacha réadmhaoine, de bharr claonadh tráchta agus de bharr cur isteach ar an sráid-dreach. Go háirithe, d'fhéadfadh na hoibreacha a bhaineann le Droichead Roibeaird Emmet éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith acu ar Limistéar Caomhantais na Canálach Móire. D'fhéadfadh oibreacha tógála laistigh de roinnt limistéar taitneamhachta nó i ngaireacht dóibh éifeachtaí suntasacha sealadacha a bheith acu, lena n-áirítear oibreacha a bhaineann leis na limistéir seo a leanas: Conair an Phoitéil; Conair na Canálach Móire; agus Páirc Chrois Araild.

Le linn na Céime Oibríochtúla, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe an taitneamhacht bailedhreacha agus amhairc a athrú de bharr na ngnéithe nua laistigh den sráid-dreach, de bharr athruithe ar shruthanna tráchta, ar shoilse agus ar chomharthaí, de bharr teorainneacha nua agus de bharr cóireálacha plandaithe tírdhreacha. Caillfear limistéir réadmhaoine/ghairdín mar thoradh ar an tógáil talún bhuan ag roinnt réadmhaoine cónaithe ar Bhóthar Chrois Araild, rud a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha buana a bheith aige. D'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha dearfacha buana a bheith ann ar an ríocht phoiblí freisin, a bhuí le hathruithe beartaithe ar an sráid-dreach.

5.11 Dramhaíl agus Acmhainní

Meastar faoi láthair go nginfidh an Chéim Tógála breis agus 80,000 tona de dhramhaíl tógála agus scartála le linn na carrbhealaí, na trinsí, na bunsraitheanna doimhne agus na poill chrainn láithreacha a thochailt chun gur féidir carrbhealaigh agus cosáin nua a thógáil. Maidir leis an ábhar a ghinfear, táthar ag coinne leis gurb ionann é agus an cineál ábhair a ghintear de ghnáth le linn tionscadal feabhsúcháin bóithre, lena n-áirítear ábhar éillithe agus ábhar neamhéillithe amhail coincréit, meascáin bhiotúmanacha agus ithreacha. D'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha agus éifeachtaí suntasacha diúltacha buana araon a bheith ann mar thoradh ar eascairtí dramhaíola le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe. Mar atá sainaitheanta sa Rannán Tráchta agus Iompair (Rannán 5.2), d'fhéadfadh méadú teacht ar ghluaiseacht feithiclí earraí troma de bharr ábhair a bhaint agus a sheachadadh. D'fhéadfadh sé sin plódú a mhéadú, rud a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha sealadacha a bheith aige.

Cé go dteastóidh ábhar ón Scéim Bheartaithe mar chuid de chothabháil bóithre le linn na Céime Oibríochtúla, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach aige sin.

5.12 Sócmhainní Ábhartha

Is ann do roinnt fóntas atá suite ar na bóithre láithreacha, nó a thrasnaíonn na bóithre láithreacha, feadh na Scéime Beartaithe, agus an chuid is mó díobh curtha sa talamh faoi bhun na mbóithre. Áirítear leis na fóntais sin línte gáis, leictreachais, uisce agus teileachumarsáide agus an bonneagar gaolmhar. Le linn na Scéime Beartaithe, beidh sé riachtanach ábhair a allmhairiú ó áiteanna lasmuigh den Scéim Bheartaithe freisin. Áireofar leo sin gléasra agus innealra, na príomhábhair thógála (e.g. miotail, stroighin, ábhair chúrsála bóithre) agus ábhair bhailchríche (e.g. pábháil, dromchlú, troscán sráide).

Le linn na tógála, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe éifeachtaí suntasacha diúltacha (idir éifeachtaí sealadacha agus éifeachtaí buana) a bheith aici ar mhórfhóntais phoiblí, mar gheall ar an ngá a bheidh ann leis an mbonneagar láithreach a chlaonadh nó a mhodhnú.

Ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ar shócmhainní ábhartha amhail mórfhóntais phoiblí le linn na Céime Oibríochtúla.

5.13 Éifeachtaí Carnacha

Agus tógáil na Scéime Beartaithe á breithniú i gcomhcheangal le Céimeanna Tógála na dtionscadal eile atá liostaithe thíos, d'fhéadfadh sí éifeachtaí suntasacha carnacha a bheith aici:

- An 11 scéim eile a bhfuil BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus comhdhéanta díobh. Go háirithe, ceanglóidh an rotharbhealach as líne den Chroíchonair Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach leis an scéim seo ag an acomhal idir Bóthar Chrois Araild agus Ascaill na Páirce agus ceanglóidh an Chroíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach leis an scéim seo ag an acomhal idir an tSráid Nua Theas agus Sráid an Déin;
- An Clár DART+ (oibreacha tollánaithe agus oibreacha eile);
- MetroLink (go Charlemont);
- Luas Traschathrach, a bhfuil i gceist leis Acmhainn Líne Ghlas Luas a Bhreisiú – Céim 1;
- Acmhainn Líne Ghlas Luas a Bhreisiú – Céim 2;
- Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath; agus
- Iarratais phleanála eile atá ceadaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, amhail scéimeanna cónaithe agus forbairtí úsáide measctha.

Tá gach ceann de na tionscadail sin lonnaithe i limistéar an-uirbithe Bhaile Átha Cliath, agus iad i ngaireacht do ghabhdóirí íogaire. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tógáil na dtionscadal sin éifeachtaí suntasacha comhshaoil a bheith aici, lena n-áirítear na héifeachtaí seo a leanas:

- Tionchair thráchta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála do na tionscadail;
- Tionchair thorainn agus thonnchreatha;
- Tionchair aercháiliochta;
- Tionchair amhairc a bhaineann le bonneagar nua a thabhairt isteach;
- Tionchair ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha;
- Tionchair ar cháilíocht uisce i sruthchúrsaí de bharr Chéim Tógála na dtionscadal;
- Tionchair dheighilte taitneamhachta agus pobail; agus
- Tionchair bhainistíochta dramhaíola.

In áiteanna ina mbeidh forluí ann idir Céim Tógála na Scéime Beartaithe agus Céimeanna Tógála na dtionscadal eile, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith ann mar thoradh ar chomhcheangal de na héifeachtaí atá liostaithe thuas.

Ag céim Scagtha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta, meastar go bhféadfadh na héifeachtaí suntasacha carnacha seo a leanas a bheith ann le linn thógáil na Scéime Beartaithe agus na dtionscadal forbartha eile:

- Deighilt mhéadaithe agus moilleanna méadaithe do thiománaithe agus do choisithe mar thoradh ar an bplódú a chruthóidh feithiclí tógála agus claonadh sealadach tráchta/dúnadh sealadach cosán agus bóithre:
    - Mar shampla, d'fhéadfadh éifeacht charnach na Scéime Beartaithe agus na Croíchonaire Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach an líon feithiclí tógála a bheidh in úsáid a mhéadú agus claonadh tráchta agus dúnadh bóithre a thabhairt isteach feadh cuid shuntasach den ghréasán áitiúil bóithre, go háirithe feadh Bhóthar Chrois Araild ag a dtiocfaidh an dá scéim le chéile.
- Astaíochtaí méadaithe deannaigh agus éifeachtaí torainn agus tonnchreatha a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála, amhail tochailt, scartáil, agus ath-dhromchlú bóithre:
    - Mar shampla, d'fhéadfadh éifeacht charnach na Scéime Beartaithe agus na Croíchonaire Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála a bheidh ag teastáil feadh Bhóthar Chrois Araild, agus éifeacht charnach na Croíchonaire Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála a bheidh ar siúl timpeall ar an acomhal idir an tSráid Nua Theas agus Sráid an Déin, tionchair a bheith acu feadh na Scéime Beartaithe de bharr astaíochtaí deannaigh agus de bharr torainn agus tonnchreatha.
- Truailliú agus éilliú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála, ar nithe iad a mbeadh éifeacht charnach acu ar ithreacha, ar uiscebhealaí agus ar screamhuisce;
    - Mar shampla, dá n-oibreofaí ar Phlean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath ag an am céanna, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe éifeachtaí carnacha a bheith aici i gcomhcheangal le Bealach SO1 feadh na Canálach Móire agus d'fhéadfadh sí éifeachtaí carnacha a bheith aici i gcomhcheangal le Bealach 9 feadh an Phoitéil, áit a bhféadfadh méadú teacht ar limistéir chruastad i ngaireacht do na sruthchúrsaí. Sa chás sin, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ann ar cháilíocht uisce agus ar riosca tuile.
- Éifeachtaí carnacha ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha;
    - Mar shampla, dá n-oibreofaí ar Phlean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath ag an am céanna, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe éifeachtaí carnacha a bheith aici i gcomhcheangal le Bealach SO1 feadh Bhóthar Parnell, atá comhthreomhar leis an gCanáil Mhór, go háirithe ag Droichead Roibeaird Emmet. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála tionchar a bheith acu ar shuíomh an limistéir sin agus, sa chás sin, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ann ar an oidhreacht chultúrtha.
- Éifeachtaí carnacha ar ábhair agus ar acmhainní dramhaíola de bharr ábhair a scartáil, a thochailt agus a iompar (iad a bhaint agus a sheachadadh);
    - Ginfidh na tionscadail eile cainníochtaí dramhaíola tochailte, tógála agus scartála. Nuair a bhreithnítear iad sin in éineacht leis an Scéim Bheartaithe, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ann.
- Éifeachtaí carnacha ar shócmhainní ábhartha de bharr fóntais a chlaonadh nó a mhodhnú.
    - Mar shampla, an éifeacht charnach a bheidh ag tionscadail bhonneagair mhórscála a bheidh ar siúl ag an am céanna agus ar lena linn a bheidh sé riachtanach fóntais a chlaonadh nó a mhodhnú. Áirítear leis na tionscadail sin an Clár DART+, tionscadail Luas agus MetroLink.

Ag céim Scagtha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta, d'fhéadfadh na héifeachtaí carnacha seo a leanas a bheith ann le linn Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe agus na dtionscadal forbartha eile:

- Éifeachtaí carnacha ar aercháiliocht agus ar thorann de bharr athruithe ar acomhail, ar leibhéil tráchta agus ar phatrúin tráchta i gcomhcheangal leis na gnéithe eile de BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus, lena n-áirítear na Croíchonairí Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach, ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach agus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach, a bhfuil gach ceann díobh i ngaireacht don Scéim Bheartaithe agus í ag bogadh i dtreo Lár na Cathrach; agus
- Éifeachtaí carnacha ar an ómós áite agus ar an sráid-dreach de bharr athruithe ar an soláthar iompair phoiblí, go háirithe ag stadanna bus agus ag stáisiúin agus moil iompair phoiblí.

Tríd is tríd, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ann ar an gcomhshaol de bharr na n-éifeachtaí carnacha a bhaineann leis an bhforluí ama agus spáis idir an Scéim Bheartaithe agus ceann amháin nó níos mó de na tionscadail forbartha eile.

6. Conclúid

Ní gá go ndéanfaí Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar an Scéim Bheartaithe faoi alt 50(1)(a) d'Acht na mBóithre. Breithnítear sa Tuarascáil Scagtha seo ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta cé acu, de réir alt 50(1)(c) d'Acht na mBóithre, is dóigh nó nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol, ar éifeachtaí iad atá de chineál a fhágann gur cheart Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh.

Ar na cúiseanna atá leagtha amach go mion sa Tuarascáil Scagtha seo, meastar gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh sula ndéanfar cinneadh chun toiliú forbartha a dheonú. Sainaithnítear sa Tuarascáil Scagtha seo na tionchair shuntasacha seo a leanas ar dóigh dóibh a bheith ann:

- Éifeachtaí carnacha (le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibríochtúla) mar thoradh ar an bhforluí a bheidh ann idir an Scéim Bheartaithe agus na tionscadail forbartha eile;
